AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
SANCO/10098/2009 Revision 2023
[…](2023) XXX draft

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

## Treoirdhoiciméad maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 maidir le sláinteachas bia de bhunadh ainmhíoch

***Is ar mhaithe le faisnéis amháin a bunaíodh an doiciméad seo. Níl sé glactha ag an gCoimisiún Eorpach ná formheasta ar aon bhealach aige.***

***Ní thugann an Coimisiún Eorpach aon ghealltanas faoi chruinneas na faisnéise atá sa doiciméad seo agus ní ghlacann sé freagracht as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis sin. Dá bhrí sin, ba cheart d'úsáideoirí gach réamhchúram is gá a dhéanamh sula n-úsáidfidh siad an fhaisnéis seo, agus is ar a riosca féin go hiomlán a úsáidfidh siad í.***

## CUSPÓIR AN DOICIMÉID SEO

Tá an doiciméad seo dírithe go príomha ar oibreoirí gnó bia agus údaráis inniúla sna Ballstáit agus tá sé d'aidhm aige treoraíocht a thabhairt maidir le cur chun feidhme ceanglas nua sláinteachais bia agus ábhair ghaolmhara.

D'fhéadfadh eilimintí sa doiciméad a bheith úsáideach do léitheoirí i dtríú tíortha chun tuiscint níos fearr a fháil ar raon feidhme agus cuspóir rialacha sláinteachais bia an Aontais.

## NÓTA

Is doiciméad i mbun forbartha é an doiciméad seo agus tabharfar cothrom le dáta é ionas go gcuirfear an taithí agus an fhaisnéis atá ag na Ballstáit, na húdaráis inniúla agus gnólachtaí gnó agus iniúchtaí an Choimisiúin san áireamh ann.

## 1. RÉAMHRÁ

Glacadh Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais maidir le bia de bhunadh ainmhíoch ('an Rialachán' anseo feasta) an 29 Aibreán 2004[1] agus tá feidhm aige ó bhí an 1 Eanáir 2006 ann. Leagtar síos leis na ceanglais sláinteachais atá le hurramú ag gnólachtaí bia a láimhseálann bia de bhunadh ainmhíoch ag gach céim den slabhra bia. Ó glacadh an Rialachán, iarradh ar an gCoimisiún roinnt gnéithe de a shoiléiriú. Tá sé d'aidhm ag an doiciméad seo obair leantach a dhéanamh i leith na n-iarrataí sin.

Reáchtálann Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Shláinte agus Sábháilteacht Bia cruinnithe go tráthrialta le saineolaithe ó na Ballstáit chun scrúdú a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme agus léirmhíniú an Rialacháin agus chun teacht ar chomhdhearcadh maidir leo.

Ar mhaithe le trédhearcacht, cuireann an Coimisiún plé le páirtithe leasmhara chun cinn freisin sa chaoi go mbeidh leasanna socheacnamaíocha éagsúla in ann tuairim a chur in iúl. Chuige sin, is féidir leis an gCoimisiún cruinnithe a eagrú le hionadaithe táirgeoirí, tionscail, tráchtála agus custaiméirí chun saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo a phlé.

Tugadh an treoirdhoiciméad seo cothrom le dáta roinnt uaireanta ó foilsíodh an leagan tosaigh in 2009, chun oiriúnú d'athruithe ar na ceanglais dhlíthiúla nó soiléiriú breise a sholáthar i gcás inar measadh sin a bheith iomchuí chun feabhas a chur ar an tuiscint ar na ceanglais dhlíthiúla agus chun an cur i bhfeidhm a chomhchuibhiú sna Ballstáit uile.

Maidir le hábhair a bhaineann le neamhchomhlíonadh reachtaíochta náisiúnta leis an Rialachán, ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtagann siad faoi raon feidhme an chleachtaidh seo agus go leanfar de bheith ag déileáil leo i gcomhréir le nósanna imeachta bunaithe an Choimisiúin.

Tá sé d'aidhm ag an doiciméad seo cúnamh a thabhairt do na gníomhaithe uile sa slabhra bia an Rialachán a thuiscint níos fearr agus a chur i bhfeidhm i gceart agus ar bhealach aonfhoirmeach. Mar sin féin, níl aon stádas dlí foirmiúil ag an doiciméad seo agus, i gcás díospóide, is ar an gCúirt Bhreithiúnais atá an fhreagracht deiridh as an dlí a léirmhíniú.

Chun tuiscint iomlán a fháil ar na gnéithe éagsúla de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, tá sé fíor-riachtanach a bheith ar an eolas freisin maidir le codanna eile de reachtaíocht an Chomhphobail, agus go háirithe le prionsabail agus sainithe na nithe seo a leanas:

- Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais

[1] IO Uimh. L 226, 25.6.2004, lch .22

ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia[2] (dá dtagraítear freisin mar Dhlí Ginearálta an Bhia),

- Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán maidir le sláinteachas earraí bia[3],

- Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)[4],

- Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia[5],

- Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2005 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme maidir le táirgí áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, maidir le rialuithe oifigiúla a eagrú faoi Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004, de mhaolú ar Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 853/2004 agus (CE) Uimh. 854/2004[6],

- Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) Uimh. 2015/1375 an 10 Lúnasa 2015 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla le haghaidh *Trichinella* i bhfeoil[7],

Bunaíodh treoirdhoiciméid ar leithligh, maidir le (CE) Uimh. 852/2004 mar shampla, chomh maith le treoirdhoiciméid a d'fhorbair eagraíochtaí páirtithe leasmhara náisiúnta nó Eorpacha. Féach https://food.ec.europa.eu/safety/biological-safety/food-hygiene/guidance-platform_ga. Tá treoraíocht bhreise maidir le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 le fáil ag: https://food.ec.europa.eu/horizontal-

2 IO L 31, 1.2.2002, lch. 1
3 IO L 226, 25.6.2004, lch. 3
4 IO L 95, 7.4.2017, lch. 1
5 IO L 338, 22.12.2005, lch. 1
6 IO L 338, 22.12.2005, lch. 27
7 IO L 212, 11.8.2015, lch. 7

topics/general-food-law/food-law-general-requirements_ga , https://food.ec.europa.eu/horizontal-topics/general-food-law/food-law-general-principles_ga agus https://food.ec.europa.eu/horizontal-topics/general-food-law/food-law-procedures_ga .

## 2. OIBLEAGÁIDÍ AR OIBREOIRÍ GNÓ BIA

Ní mór d'oibreoirí gnó bia an Rialachán seo a chur chun feidhme. Ní mór dóibh a chinntiú go gcuirfear na ceanglais uile chun feidhme i gceart chun sábháilteacht bia a chinntiú.

Oibreoirí gnó bia a láimhseálann bia de bhunadh ainmhíoch, ní mór dóibh ceanglais iomchuí Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a chur chun feidhme i dteannta na gceanglas a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004.

## 3. RAON FEIDHME (AIRTEAGAL 1 DEN RIALACHÁN)

### 3.1. Eisiaimh ó Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a mhéid a bhaineann le bia áirithe a sholáthar go díreach don tomhaltóir deiridh nó do bhunaíochtaí miondíola áitiúla a sholáthraíonn go díreach don tomhaltóir deiridh sin

Leagtar síos na heisiaimh sin in Airteagail 1.3 (c) go (e) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Níl feidhm ag na heisiaimh ach amháin más rud é:

- Go bhfuil cainníochtaí beaga i gceist, **agus**

- Go bhfuil táirgí príomhúla i gceist (mar shampla uibheacha, bainne amh, moilisc dhébhlaoscacha bheo más de bhunadh limistéar táirgthe d'aicme A iad nó gastrapóid mhara bheo agus eicínideirmigh bheo, arb as limistéir táirgthe iad nach bhfuil aicmithe) nó feoil ó éanlaith chlóis nó ó ghiorriaigh (gan í a bheith ó speicis eile) a mharaítear ar an bhfeirm (táirgí feola agus ullmhóidí díobh a dhéantar ar an bhfeirm san áireamh) nó géim fiáin nó géimfheoil fhiáin, **agus**

- Gurb é an táirgeoir (an cnuasaitheoir i gcás moilisc dhébhlaoscacha bheo, an t-iascaire nó an feirmeoir/táirgeoir príomhúil, gan aon duine eile in am ar bith) nó an fiagaí a sholáthraíonn iad.

Bunóidh na Ballstáit rialacha náisiúnta lena rialófar na gníomhaíochtaí agus na daoine sin.

Féadfaidh an bhunaíocht mhiondíola áitiúil (mar shampla búistéir, bialann, ollmhargadh, …), a sheachadann na táirgí sin don tomhaltóir deiridh, na táirgí a phróiseáil a thuilleadh, gan oibleagáid a bheith uirthi Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 1.5(a) den Rialachán sin. Féadfaidh an miondíoltóir bia nach de bhunadh ainmhíoch é a sheachadadh do pháirtithe eile seachas tomhaltóirí deiridh. Ní fhéadfaidh an miondíoltóir áitiúil bia de bhunadh ainmhíoch, cainníochtaí beaga feola ó éanlaith chlóis san áireamh, ó ghiorriaigh nó ó ghéim fiáin, a sholáthar do bhunaíocht eile (miondíoltóir eile san áireamh) ach amháin má chomhlíonann an miondíoltóir áitiúil Rialachán (CE)

Uimh. 853/2004 nó má tá an miondíoltóir áitiúil eisiata ón Rialachán sin i gcomhréir le hAirteagal 1.5(b) (i) nó (ii) de).

### 3.2. Láimhseáil, gníomhaíochtaí, oibríochtaí

Is minic a úsáidtear na focail 'láimhseáil', 'gníomhaíochtaí' agus 'oibríochtaí' laistigh de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Ciallaíonn siad an rud céanna, agus is é ba cheart a thuiscint go gcumhdaítear go ginearálta leo (laistigh den chomhthéacs ábhartha) tógáil, marú, próiseáil, stóráil, iompar, athchlúdach nó athphacáistiú, , ….

### 3.3. Gnólachtaí beaga

Le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ní leagtar síos critéir chun bunaíochtaí beaga a shainmhíniú. Cé nach rud ceangailteach é, sainmhínítear fiontair bheaga (agus mheánmhéide) i Moladh 2003/361 ón Aontas Eorpaigh[8] agus úsáidtear an sainmhíniú sin freisin i Rialachán (AE) Uimh. 702/2014[9]. Is féidir an líon foirne, láimhdeachas nó iomlán an chláir chomhardaithe a úsáid mar thosca cinntitheacha.

| Catagóir | Líon foirne | Láimhdeachas | Iomlán an chláir chomhardaithe |
|---|---|---|---|
| Meánmhéide | < 250 | <€50 milliún | <€43 mhilliún |
| Beag | < 50 | <€10 milliún | <€10 milliún |
| Micrimhéide | < 10 | < €2 mhilliún | <€2 mhilliún |

Tá sampla eile le fáil i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún[10]. Sa Rialachán Cur Chun Feidhme sin, úsáideadh tairseacha maidir le seamlais agus bunaíochtaí láimhseála géim, chun solúbthacht a chur i bhfeidhm ina leith, á meas a bheith ina mbunaíochtaí ísealacmhainne[11] i gcás ina ndéanfaidh siad

[8] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32003H0361

[9] Rialachán (AE) Uimh. 702/2014 ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach in earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta agus i gceantair thuaithe comhoiriúnach don mhargadh inmheánach agus Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh á gcur i bhfeidhm (IO L 193, 1.7.2014, lch. 1).

[10] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51)

[11] Féach freisin na sainmhínithe ar 'sheamlas ísealacmhainne' agus 'bunaíochtaí láimhseála géim ísealacmhainne' in Airteagal 2(17) agus (18) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún.

níos lú ná 1 000 aonad beostoic nó níos lú ná 150 000 éan, giorriach agus ainmhí beag géim fhiáin a mharú nó a láimhseáil in aghaidh na bliana.

Is féidir treoraíocht a fháil sna critéir thuas i gcás ina ndéanfar oiriúnuithe i ndáil le bunaíochtaí beaga faoin dlí náisiúnta a bhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

### 3.4. Bunaíochtaí a láimhseálann bia de bhunadh ainmhíoch nach leagtar síos aon cheanglas mionsonraithe ina leith

I gcás táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch (mar shampla mil, feithidí, feoil reiptíle, feoil shaothraithe, mamaigh uisceacha), ní leagtar síos rialacha mionsonraithe leis an Rialachán. Sa chás sin, ní mór an bia de bhunadh ainmhíoch a láimhseáil i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus leis na rialacha ginearálta maidir le táirgí de bhunadh ainmhíoch a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 (go háirithe na rialacha maidir le táirgí ó lasmuigh den Chomhphobal dá dtagraítear in Airteagal 6).

Thairis sin, déanfar sábháilteacht bia roinnt táirgí (feithidí, feoil shaothraithe) a chinntiú de bharr an mheasúnaithe is gá don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia a dhéanamh faoi chuimsiú údarú bia núíosaigh. D’fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar cheanglais shonracha a leagan síos in Iarscríbhinn III de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 amach anseo, áfach, más amhlaidh:

- Go dtiocfadh méadú ar an sciar den mhargadh agus go sainaithneofar guaiseacha sonracha a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu;

- Go mbeidh forbairt leordhóthanach déanta ar theicnící nua chun ceanglais shonracha choiteanna a leagan síos, gan bac a chur ar thuilleadh nuálaíochta.

Ós rud é nach bhfuil aon cheanglas in Iarscríbhinn III de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 i leith na dtáirgí sin, ní gá formheas a dhéanamh ar bhunaíochtaí a láimhseálann na táirgí ná ní gá dóibh marc aitheantais a chur ar an mbia.

### 3.5. Táirgí a chumhdaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 853/2004

Tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 maidir le **bia neamhphróiseáilte agus próiseáilte de bhunadh ainmhíoch**.

Ní mór ‘táirgí de bhunadh ainmhíoch’ (Pointe 8.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004) a thuiscint ar bhealach an-ghinearálta mar aon táirge a dhíorthaítear ó ainmhithe a cheaptar lena chaitheamh ag an duine. Is féidir na táirgí de bhunadh ainmhíoch a bheith neamhphróiseáilte nó próiseáilte. Fiú má tá roinnt céimeanna próiseála láidre ann ina ndéantar athrú nach beag ar an táirge bunaidh de bhunadh ainmhíoch, is táirge de bhunadh ainmhíoch fós é toisc nach bhfuil aon chríochphointe i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 (mar shampla lanailin ó olann a aistriú go Vitimín D3). Ní áirítear táirgí ilchodacha sa sainmhíniú ar ‘tháirgí de bhunadh ainmhíoch’.

- In Iarscríbhinn I a ghabhann leis seo, tá **liosta (nach bhfuil uileghabhálach) de tháirgí neamhphróiseáilte de bhunadh ainmhíoch** [mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 1(n) de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004].

- In Iarscríbhinn II a ghabhann leis seo, tá **liosta (nach bhfuil uileghabhálach) de tháirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch** [mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 1(o) de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004].

Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil táirge de bhunadh ainmhíoch ina tháirge próiseáilte nó neamhphróiseáilte, tá sé tábhachtach féachaint do na sainmhínithe ábhartha **uile** atá sna rialacháin sláinteachais, go háirithe na sainmhínithe ar 'phróiseáil', 'táirgí neamhphróiseáilte' agus 'táirgí próiseáilte' in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, agus na sainmhínithe ar tháirgí próiseáilte ábhartha i Roinn 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. An t-idirghaol idir na sainmhínithe sin, beidh tionchar aige ar an gcinneadh a dhéantar.

I gcás roinnt táirgí an-mhínphróiseáilte (Roinn XVI d'Iarscríbhinn III), ní leagtar síos ach ceanglais shonracha theoranta, bunadh na n-amhábhar mar shampla (pointe (2) den Roinn). Ós rud é go bhfuil siad sin fós ina gceanglais shonracha in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán, ní mór na bunaíochtaí uile a láimhseálann (a tháirgeann, a phacáistíonn, srl.) na táirgí an-mhínphróiseáilte a bheith formheasta i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, murab infheidhme maolú in Airteagal 4(2).

### 3.6. Bia ina bhfuil táirgí de bhunadh plandúil agus táirgí de bhunadh ainmhíoch araon (táirgí ilchodacha)

Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: treoraíocht maidir le ceanglais ghinearálta i ndáil táirgí ilchodacha agus táirgí a d'fhéadfaí a mheas go hearráideach a bheith ina dtáirgí ilchodacha, coinníollacha agus rialuithe iompórtála san áireamh[12].

### 3.7. Miondíol

Mura luaitear a mhalairt go sainráite, **níl feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 maidir le miondíol, formheas na bunaíochta san áireamh** [Airteagal 1, mír 5(a)].

Is in Airteagal 3, pointe 7 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 atá an sainmhíniú ar mhíondíol. Is mar seo a leanas atá sé:

*ciallaíonn 'miondíol' láimhseáil agus/nó próiseáil bia agus é a stóráil ag an bpointe díola leis an tomhaltóir deiridh nó ag an bpointe seachadta ar an tomhaltóir deiridh, agus áirítear ann críochfoirt dáilte, oibríochtaí lónadóireachta,*

[12] Féach *Illustrative Guidance on import conditions for composite products* [Treoraíocht léiritheach maidir le coinníollacha iompórtála i ndáil le táirgí ilchodacha] ag https://food.ec.europa.eu/safety/biological-safety/food-hygiene/guidance-platform_en

*ceaintíní monarchan, lónadóireacht in institiúidí, bialanna agus oibríochtaí comhchosúla eile seirbhísí bia, siopaí, ionaid dáilte ollmhargaí agus asraonta mórdhíola.*

Le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 déantar miondíol (is é sin láimhseáil agus/nó próiseáil bia agus a stóráil ag an díolphointe) a eisiamh i bprionsabal óna raon feidhme. Ciallaíonn sé sin freisin, i gcás, mar shampla, ina ndéantar agus ina ndíoltar cáis ar áitreabh miondíola (mar shampla i siopa miondíola ar an bhfeirm), gur féidir na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 amháin, lena gceanglaítear clárú ach nach gceanglaítear formheas (Féach freisin, áfach, an dara pointe urchair thíos má bhíonn an feirmeoir/miondíoltóir sin ag soláthar do mhiondíoltóir eile).

Mar a mhínítear in aithrisí 12 agus 13 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, áfach, áirítear sa sainmhíniú thuas mórdhíol i gcás ina ndéantar bia a dhíol go díreach leis an <u>tomhaltóir deiridh</u> nó a sholáthar dó go díreach. Ciallaíonn sé sin:

- Ba leor Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 i gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le bia a dhíol go díreach leis an tomhaltóir deiridh nó a sholáthar dó go díreach. I gcomhréir leis an sainmhíniú ar 'mhiondíol', áirítear sa téarma 'gníomhaíochtaí' próiseáil (mar shampla táirgí bácúis ina bhfuil táirgí de bhunadh ainmhíoch a ullmhú, táirgí feola a ullmhú i siopa búistéara áitiúil) ag an díolphointe leis an tomhaltóir deiridh.

- Maidir le miondíoltóirí a sholáthraíonn aon bhia de bhunadh ainmhíoch do bhunaíocht eile, tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ach amháin sna cásanna seo a leanas:

    - i gcás bunaíochtaí nach ndéanann ach oibríochtaí stórála agus iompair. Sa chás sin, tá feidhm ag ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, agus ag na ceanglais teochta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, nó

    - más é atá sa soláthar, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, gníomhaíocht **<u>imeallach, logánaithe agus shrianta</u>** de chuid an mhiondíoltóra i leith bunaíocht mhiondíola eile. Sa chás sin, níl feidhm ach ag Rialachán (CE) Uimh. 852/2004.

I gcás ina gcomhroinnfidh roinnt oibreoirí gnó bia bonneagair agus trealamh (mar shampla soláthar uisce, fuar-stórais), dealraíonn sé gurb iomchuí go mbeidh duine/comhlacht freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais sláinteachais maidir leis na bonneagair choiteanna sin.

Tá cur chuige crainn cinntí le fáil in Iarscríbhinn III chun a fhíorú an bhfuil bunaíochtaí miondíola faoi réir cheanglais Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Maidir le miondíoltóir nach bhfuil a ghníomhaíochtaí teoranta do ghníomhaíochtaí iompair agus stórála, agus a sholáthraíonn táirge de bhunadh ainmhíoch do ghnólacht bia nach miondíoltóir é, ní mór dó Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a chomhlíonadh,

maidir le formheas na bunaíochta san áireamh, agus ní féidir leis an oibreoir gnó bia leas a bhaint as díolúine faoi ghníomhaíocht imeallach, logánaithe agus shrianta toisc nach soláthar ó mhiondíoltóir go miondíoltóir atá ann (is é sin don tomhaltóir deiridh) mar shampla búistéir a sholáthraíonn feoil mhionaithe d'oibreoir gnó bia eile a úsáideann an fheoil mhionaithe chun taosráin a dhéanamh lena soláthar do ghnólachtaí eile.

Cé nach sainmhínítear oibríochtaí áirithe amhail 'mórdhíol', faightear léiriú soiléir ar an gcás inarb infheidhme ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ach úsáid a bhaint as an gcrann cinntí in Iarscríbhinn III, ar bhonn na gníomhaíochta a dhéantar.

I gcomhréir le hAirteagal 1, mír 5(c), féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh forálacha Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 nárbh infheidhme maidir le bunaíochtaí atá lonnaithe ar a gcríoch a leathnú chun na bunaíochtaí sin a chumhdach. Agus an fhéidearthacht sin á cur i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit prionsabail ghinearálta dhlí an bhia a leanúint, is é sin comhréireacht agus an gá le rialacha rioscabhunaithe.

### 3.8. An coincheap '*gníomhaíocht imeallach, logánaithe agus shrianta'* dá dtagraítear in Airteagal 1, mír 5, pointe (b)ii de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

Leis an gcoincheap sin, ceadaítear do shiopaí fíor-mhiondíola a sholáthraíonn don tomhaltóir deiridh (mar shampla búistéir) bia de bhunadh ainmhíoch a sholáthar do ghnó miondíola áitiúil eile faoi cheanglais Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 amháin. Ní bheadh feidhm ag ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 (mar shampla an bhunaíocht a fhormheas, marc aitheantais a chur ar an táirge). Eascraíonn an coincheap 'soláthar imeallach, logánaithe agus srianta' as an mbarúil gur cheart do bhunaíochtaí miondíola, arb é a bpríomhghníomhaíocht trádála an soláthar don tomhaltóir deiridh, a dtáirgí a thrádáil go háitiúil i ndáiríre (fiú má tá an ceann scríbe i mBallstát eile) agus nach ngabhann siad dá réir sin do thrádáil fad-achair ar ar gá níos mó aire a thabhairt agus maoirseachta a dhéanamh, go háirithe a mhéid a bhaineann le dálaí iompair agus slabhra fuachta. I gcás Ballstát mór, ní bheadh sé i gcomhréir leis an Rialachán, dá bhrí sin, an coincheap 'soláthar imeallach, logánaithe agus srianta' a leathnú go geografach chun críoch iomlán an Bhallstáit sin a chumhdach.

Mínítear an coincheap a thuilleadh in aithris (13), ina luaitear go sainráite nár cheart soláthar den sórt sin ach a bheith ina chuid bheag de ghnó na bunaíochta is soláthraí; ba cheart an bhunaíocht dá soláthraítear a bheith ina garchomharsanacht, agus níor cheart baint a bheith ag an soláthar ach le cineálacha áirithe táirgí nó bunaíochtaí.

I gcásanna áirithe, féadfaidh miondíoltóirí (mar shampla búistéirí) cainníochtaí beaga bia (i ndearbhthéarmaí) a tháirgeadh, a ndéantar an chuid is mó de a sholáthar do lónadóirí agus/nó do mhiondíoltóirí eile. Sna cásanna sin, bheadh sé i gcomhréir le rún an Rialacháin go gcumasófaí úsáid leanúnach modhanna

traidisiúnta dáilte, ós rud é gur cheart cainníochtaí beaga mar choincheap a bheith ina chuid de 'imeallach'. Ba cheart 'imeallach' a léirmhíniú dá bhrí sin mar mhéid beag bia de bhunadh ainmhíoch i ndearbhthéarmaí **nó** mar chuid bheag de ghnó na bunaíochta. Ar aon chuma, leis an meascán de na trí chritéar dá bhforáiltear leis an Rialachán, ba cheart go mbeifear in ann an chuid is mó de chásanna a cháiliú go hiomchuí.

Na rialacha náisiúnta atá le glacadh de bhun Airteagal 1, mír 5, pointe (b)ii de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ní mór iad a bheith faoi réir rialacha ginearálta an Chonartha, agus go háirithe Airteagail 28, 29 agus 30 de.

### 3.9. Táirgeadh príomhúil nach gcumhdaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 853/2004

I gcás táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch, déantar an coincheap 'táirgeadh príomhúil' dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 a fhorbairt a thuilleadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 853/2004:

**<u>Moilisc dhébhlaoscacha bheo</u>** [Iarscríbhinn III, Roinn VII, pointe 4(a)]

Maidir le moilisc dhébhlaoscacha bheo, cumhdaítear le táirgeadh príomhúil oibríochtaí a dhéantar sula dtagann moilisc dhébhlaoscacha bheo chomh fada le lárionad seachadta, lárionad íonúcháin, oibreoir idirghabhála formheasta nó bunaíocht phróiseála.

**<u>Táirgí iascaigh</u>** [Iarscríbhinn III, Roinn VIII, pointe 4 agus Iarscríbhinn III, Roinn VIII, pointí 3(a) agus (b)].

Maidir le táirgí iascaigh, áirítear i dtáirgeadh príomhúil feirmeoireacht/iascaireacht/bailiú táirgí iascaigh beo (*bídís ó sháile nó ó fhionnuisce*) d'fhonn iad a chur ar an margadh, agus áirítear na hoibríochtaí bainteacha seo a leanas ann:

- Marú, fuiliú, dícheannadh, dí-inniú, teascadh eití, cuisniú agus clúdach le haghaidh iompair má dhéantar sin ar bord soithí iascaireachta,
- Táirgí iascaigh nár athraíodh a gcineál go substaintiúil, táirgí iascaigh beo san áireamh, a iompar agus a stóráil laistigh d'fheirmeacha ar talamh, agus
- Táirgí iascaigh (*bídís ó sháile nó ó fhionnuisce*) nár athraíodh a gcineál go substaintiúil, táirgí iascaigh beo san áireamh, a iompar ón áit táirgthe go dtí an chéad bhunaíocht cinn scríbe.
- Stiúdadh ar leibhéal na feirme nó marú ar muir, i gcás tuinnín saothraithe san áireamh, a fhéadfar a stiúdadh agus a fhuiliú ar bord soithigh lena dtacaítear leis na hoibríochtaí maraithe. Más trí bhíthin forbhualadh i bhfeirm ar talamh a dhéantar an stiúdadh, nó má dhéantar fuiliú tar éis stiúdta, ní féidir a mheas gur oibríochtaí bainteacha iad na gníomhaíochtaí

sin agus, dá thoradh sin, ní féidir a mheas gur gníomhaíochtaí táirgthe phríomhúil iad na gníomhaíochtaí sin.

**Bainne amh** [Iarscríbhinn III, Roinn IX, Caibidil 1]

Cumhdaítear leis an Rialachán ceanglais atá le comhlíonadh ar an bhfeirm, go háirithe maidir le dálaí sláinte ainmhithe déiríochta, dálaí sláinteachais i ngabháltais táirgthe bainne, agus critéir atá le comhlíonadh i gcás bainne amh.

**Uibheacha** [Iarscríbhinn III, Roinn X, Caibidil 1]

Cumhdaítear leis an Rialachán láimhseáil uibheacha ar áitreabh an táirgeora, agus leagtar síos leis nach mór uibheacha a choimeád glan, tirim agus saor ó bholadh coimhthíoch neamhbheartaithe, iad a chosaint go héifeachtach ar shuaití agus iad a choimeád amach as solas díreach na gréine.

## 4. BUNAÍOCHTAÍ A FHORMHEAS (AIRTEAGAL 4 DEN RIALACHÁN)

### 4.1. Bunaíochtaí atá faoi réir formheasa

Ní mór formheas a dhéanamh ar bhunaíochtaí a láimhseálann na táirgí sin de bhunadh ainmhíoch ar ina leith a leagtar síos ceanglais le hIarscríbhinn III de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, cé is moite de bhunaíochtaí nach ndéanann ach táirgeadh príomhúil, oibríochtaí iompair nó stóráil táirgí nach bhfuil dálaí stórála teochtrialaithe nó oibríochtaí miondíola, seachas iad siúd a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo de bhun Airteagal 1(5)(b), ag teastáil lena n-aghaidh. Tá raon leathan bunaíochtaí i gceist leis sin, bunaíochtaí a láimhseálann táirgí neamhphróiseáilte nó táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch san áireamh.

In Iarscríbhinn V a ghabhann leis an doiciméad seo, tá liosta nach bhfuil uileghabhálach de chatagóirí bunaíochta atá faoi réir formheasa i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

Níl feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 i bprionsabal maidir le bunaíochtaí miondíola a sholáthraíonn bia de bhunadh ainmhíoch go díreach don tomhaltóir deiridh (mar shampla. siopaí búistéara, ollmhargaí, táirgeacht cháise ar an bhfeirm, srl., féach pointe 3.7)). Dá bhrí sin, ní gá bunaíochtaí miondíola den sórt sin a fhormheas.

### 4.2. Marú díolmhaithe ón bhformheas

**Cainníochtaí beaga feola ó éanlaith chlóis agus ó ghiorriaigh** a mharaítear ar an bhfeirm a bheith á soláthar go díreach, ag an táirgeoir, don tomhaltóir deiridh nó do bhunaíochtaí miondíola áitiúla a sholáthraíonn an fheoil sin go díreach don tomhaltóir deiridh, ní thagann sé faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Bunóidh na Ballstáit rialacha náisiúnta chun sábháilteacht na feola sin a chinntiú [féach Airteagal 1, mír (d) den Rialachán].

I gcás '**<u>marú tí le haghaidh tomhaltas príobháideach baile</u>**', is é a dhéanann an ghníomhaíocht sin duine príobháideach nach féidir a mheas a bheith ina oibreoir gnó bia. Ina theannta sin, ní dhéantar feoil a leanann as an marú sin a chur ar an margadh. Dá bhrí sin, is rud nach dtagann faoi raon feidhme Rialacháin (CE) Uimh. 852/2004 agus 853/2004 é marú le haghaidh tomhaltas príobháideach baile. D'fhéadfadh rialacha náisiúnta maidir leis an gcineál sin maraithe a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit. Ba cheart tomhaltas baile a thuiscint mar thomhaltas úinéir an ainmhí laistigh dá theaghlach féin, aíonna príobháideacha sealadacha san áireamh, ach gan na táirgí a fhaightear uaidh a mhargú in aon chor.

## 4.3. Fuarstórais a fhormheas

### *4.3.1. Fuarstórais mhiondíola*

Is é a leagtar síos le hAirteagal 1, mír 5(a) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004: '***Mura luaitear a mhalairt go sainráite, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le miondíol'***.

Níl fuarstórais ar cuid de bhunaíocht mhiondíola iad faoi réir an Rialacháin ach amháin más gá an ghníomhaíocht mhiondíola a fhormheas (Féach Roinn 3.7 den treoraíocht seo),

Fuarstórais neamhspleácha a bhfuil baint acu le hoibríochtaí mórdhíola nach bhfuil i gceist leo ach iompar agus stóráil, ní gá iad a fhormheas ach tá siad fós faoi réir na gceanglas maidir le teocht. Mar sin féin, i gcás ina mbeidh níos mó ná stóráil agus iompar i gceist leis na hoibríochtaí mórdhíola sin (roinnt, sliseadh, athchlúdach, reo faoi chuimsiú deonachán bia, mar shampla), is bunaíochtaí iad na fuarstórais atá le formheas i gcomhréir le hAirteagal 4.2. I bhfocail eile, i gcás ina mbeidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 maidir leis an oibríocht mhiondíola (féach an crann cinntí in Iarscríbhinn III), ní mór an fuarstóras a fhormheas.

### *4.3.2. Fuarstórais eile (nach mbaineann le miondíol)*

Gan beann ar an ngníomhaíocht a dhéantar i bhfuarstóras, níl na díolúintí faoi Airteagal 1(5)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 infheidhme i gcás inar léir nach miondíoltóirí iad na fuarstórais sin, mar shampla fuarstórais neamhspleácha ina stóráiltear conablaigh nó gearrthacha feola lena soláthar thairis sin do bhunaíochtaí (ionaid spólta, monarchana próiseála feola) atá faoi réir formheasa faoi Airteagal 4(2) den Rialachán seo. Ní mór i gcónaí fuarstórais den sórt sin a fhormheas, chomh maith le fuarstóras mar chuid de bhunaíocht nach mór a fhormheas (mar shampla seamlas, ionad spólta, bunaíocht próiseála éisc, táirgí déiríochta, …).

Soláthraítear crann cinntí le hIarscríbhinn IV chun na ceanglais is infheidhme maidir le fuarstórais a fhíorú.

### 4.4. Bunaíochtaí athchlúdaithe

Gabhann bunaíochtaí athchlúdaithe don chlúdach a bhaint de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a clúdaíodh roimhe sin i mbunaíocht eile. D'fhéadfaí na hoibríochtaí díchlúdaithe agus athchlúdaithe sin a chomhcheangal le hoibríochtaí eile ar nós sliseadh agus gearradh bia.

Láimhseálann bunaíochtaí athchlúdaithe táirgí nochta de bhunadh ainmhíoch. Ní mór a mheas, i gcás ina láimhseálann siad táirgí de bhunadh ainmhíoch a chumhdaítear le hIarscríbhinn III den Rialachán, go dtagann siad faoi raon feidhme Airteagal 4, mír 2, den Rialachán. Ní mór iad a fhormheas dá bhrí sin. Is cur chuige loighciúil é sin ós rud é go bhféadfaí guaiseacha nua a thabhairt isteach ar leibhéal na mbunaíochtaí sin.

Chun inrianaitheacht a chinntiú, níor cheart d'oibreoirí gnó bia táirgí de bhunadh ainmhíoch arna láimhseáil i mbunaíochtaí athchlúdaithe a chur ar an margadh mura gcuirtear marc aitheantais na bunaíochta athchlúdaithe orthu.

## 5. SAINCHEISTEANNA TEICNIÚLA

**FEOIL**

### 5.1. Speicis ainmhithe

Soláthraítear sainmhínithe ar speicis ainmhithe áirithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

- Maidir le pointe 1.2, sainmhínítear 'crúbaigh chlóis' mar *'bhó-ainmhithe clóis (lena n-áirítear speicis Bubalus agus Bison) (...)'*. Is bó-ainmhithe clóis freisin iad geacanna nó eallach Séabú.

- Maidir le pointe 1.6, sainmhínítear 'géim saothraithe' mar *'raitítigh saothraithe agus mamaigh talún shaothraithe seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe 1.2'*. Is géim saothraithe freisin iad réinfhianna (*Rangifer tarandus tarandus*) a shaothraítear go traidisiúnta. Is géim saothraithe iad lámaí agus alpacaí saothraithe freisin toisc nach dtagann siad faoi raon feidhme an tsainmhínithe ar chrúbaigh chlóis.

### 5.2. Ainmhithe glana

I roinnt codanna de na rialacha nua sláinteachais, tagraítear don cheanglas go mbeidh ainmhithe glan:

- Ní mór d'fheirmeoirí bearta cuí a dhéanamh, a mhéid is féidir, chun glaineacht na n-ainmhithe a rachaidh chun seamlais a chinntiú (Iarscríbhinn I, Cuid A, pointe II. 4(c) de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004);

- Ní mór d'oibreoirí seamlais a chinntiú go mbeidh ainmhithe glan (Iarscríbhinn III, Roinn I, Caibidil IV, pointe 4 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004);

- Tá an tréidlia oifigiúil le fíorú go gcomhlíonfar an ceanglas chun a chinntiú nach marófar ainmhithe a bhfuil riochtaí seithe, craicinn nó lomra orthu a d'fhágfadh go mbeadh riosca do-ghlactha ann go n-éilleofaí an fheoil le linn marú mura nglanfaí roimh ré iad (Airteagail 11.4 agus 43.2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún)

An cúlra atá leis an gceanglas sin is ea go bhfuil cruthúnas substaintiúil ann go raibh ainmhithe neamhghlana ina bhfoinse éillithe conablaigh agus nimhithe bia ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, ní mór ainmhithe a chuirtear chun seamlais a bheith glan a ndóthain sa chaoi nach mbeidh riosca do-ghlactha ann d'oibríochtaí maraithe agus ullmhaithe conablaigh.

Is é is cuspóir don cheanglas, go deimhin, éilliú na feola le linn marú a sheachaint sa chaoi go gcinnteofar go mbainfear amach an tsábháilteacht mhicribhitheolaíoch a cheanglaítear le dlí an Aontais.

Na modhanna a fhorbairt chun an cuspóir a bhaint amach, is cúram é atá le déanamh ag na hoibreoirí gnó bia lena mbaineann. Tá bealaí éagsúla ann chun an cuspóir a bhaint amach, mar shampla:

- Ainmhithe a ghlanadh go héifeachtach, agus/nó

- Na hainmhithe a shórtáil i gcomhréir le glaineacht agus scéim maraithe iomchuí a fhorbairt, agus/nó

- Nósanna imeachta a fhorbairt um chonablaigh ainmhithe a ullmhú go sláinteach, ar dá réir nach mór conablaigh a chosaint ar éilliú neamhriachtanach, agus/nó

- Nósanna imeachta iomchuí eile.

D'fhéadfadh treoracha dea-chleachtais a bheith ina n-uirlis iomchuí a thabharfadh cúnamh d'oibreoirí seamlais na modhanna sin a shainiú. Féach *Guidance on sharing Good Practices in slaughter hygiene* [Treoraíocht maidir le dea-chleachtas sláinteachais seamlais a chomhroinnt][13]

Is é cúram an údaráis inniúil é a fhíorú an bhfuil na nósanna imeachta a d'fhorbair na hoibreoirí á ndéanamh i gceart.

### 5.3. Saoráidí sáinseáin agus mainnreacha feithimh

Le hIarscríbhinn III, Roinn I, Caibidil II, pointe 1(a) den Rialachán, leagtar síos *'nach mór saoráidí sáinseáin leordhóthanacha agus sláinteacha a bheith ag*

[13] https://food.ec.europa.eu/safety/biological-safety/food-hygiene/guidance-platform_en

*seamlais nó, má bhíonn an aeráid feiliúnach dó, mainnreacha feithimh atá éasca a ghlanadh agus a dhíghalrú. Ní mór na saoráidí sin a bheith feistithe chun uisce a thabhairt do na hainmhithe agus, más gá, iad a bheathú.'*

Mar is amhlaidh i gcás ceanglais eile, ní mór prionsabal na comhréireachta a urramú agus cinneadh á dhéanamh maidir le cineál na saoráidí sáinseáin nó na mainnreacha feithimh. I gcás seamlais bheaga, nach maraítear iontu ach beagán ainmhithe, ní gá a cheangal go mbeidh bonneagair shofaisticiúla nó fhairsinge acu, agus féadfaidh an trealamh chun uisce a thabhairt do na hainmhithe agus, más gá, iad a bheathú a bheith simplí (mar shampla trealamh inaistrithe).

### 5.4. Trealamh chun sceana a steiriliú

Le hIarscríbhinn III, Roinn I, Caibidil II, pointe 3 den Rialachán, leagtar síos *'nach mór saoráidí [a bheith ag seamlais] chun uirlisí a dhíghalrú le huisce te arna sholáthar ag teocht nach lú ná 82 °C nó le córas malartach a bhfuil éifeacht choibhéiseach aige.'*

Tá ábhair imní curtha in iúl ag oibreoirí seamlas beag go bhféadfadh gá a bheith le saoráidí iomadúla sa halla maraithe de dheasca an cheanglais sin, a mhéid a bhaineann le steiriliú sceana.

Is é is cuspóir don cheanglas a chinntiú nach n-éilleofar feoil leis an trealamh, mar shampla sceana. Is féidir an cuspóir sin a bhaint amach ar bhealaí éagsúla, mar shampla:

- Trealamh steiriliúcháin sceana a bheith lonnaithe i bpríomháiteanna sna seamlais ar a mbeidh rochtain dhíreach ag na hoibrithe. D'fhéadfadh sé gurbh é an rogha iomchuí i seamlais mhóra é an trealamh sin.

- Roinnt sceana a steiriliú in oibríocht aonair, ar leordhóthanach a líon chun a chinntiú go mbeidh sceana glana ar fáil ar fud na n-oibríochtaí seamlais. D'fhéadfadh sé gurbh iomchuí an réiteach sin i seamlais ísealacmhainne.

### 5.5. Fuíollchiumhsóga agus fuíollghearrthóga

Le hIarscríbhinn III, Roinn V, Caibidil II, pointe 1(c)(i) leagtar síos *'nach mór gan an t-amhábhar a úsáidtear chun feoil mhionaithe a ullmhú a bheith díorthaithe ó fhuíollchiumhsóga ná ó fhuíollghearrthóga (seachas gearrthóga matáin iomláin)'*.

Ós rud é go bhféadfadh an chiall 'píosaí beaga' nó 'dramhaíl' araon a bheith leis an bhfocal 'fuíoll', iarradh roinnt uaireanta go soiléireofaí an bhrí atá le baint as na téarmaí 'fuíollchiumhsóga' agus 'fuíollghearrthóga'.

I dtéarmaí ginearálta, i gcás táirgí atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, níor chosúil gur loighciúil é toirmeasc a chur ar a n-úsáid lena gcaitheamh ag an duine. Dá bhrí sin, níor cheart aon fhadhb a bheith le píosaí beaga feola (ciumhsóga agus gearrthóga) atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine a úsáid chun feoil

mhionaithe a ullmhú, ach a thuiscint nach mór cáilíocht mhicribhitheolaíoch na feola mionaithe a ráthú i gcónaí, agus go bhfaightear ó mhatán iomlán iad.

### 5.6. Meastóireacht an oibreora seamlais ar an bhfaisnéis faoin mbiashlabhra

Maidir leis an bhfaisnéis faoin mbiashlabhra, leagtar síos le hIarscríbhinn II, Roinn III, pointe 5 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 nach mór do na hoibreoirí seamlais, chun a sheiceáil an nglacfaidh siad le hainmhithe ar a n-áitreabh, meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha sula gcuirfidh siad ar fáil don tréidlia oifigiúil í.

Sa chleachtas, **seiceálfaidh** an t-oibreoir seamlais go bhfuil an fhaisnéis faoin mbiashlabhra a chuirtear ina láthair iomlán agus gan aon earráid nó easnamh follasach, agus gur féidir a mheas go bhfuil sí éifeachtach chun tacú lena chinneadh. Ní fhorchuirtear ar an oibreoir seamlais leis meastóireacht ghairmiúil a dhéanamh ar an bhfaisnéis thar an meastóireacht ar na bearta is gá dó a chur chun feidhme i gcomhréir lena nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha, ós é an tréidlia oifigiúil amháin atá in ann meastóireacht ghairmiúil thairis sin a dhéanamh.

### 5.7. Féidearthachtaí i ndáil le marú ar an ngabháltas bunáitíochta, seamlais shoghluaiste san áireamh

Tá ag méadú ar an éileamh go gceadófaí marú ar an bhfeirm chun fadhbanna leasa ainmhithe a sheachaint agus na hainmhithe á n-iompar chuig an seamlas. Mar is cuspóir do Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, áfach, ní mór a áirithiú go gcoinneofar dea-shláinteachas/sábháilteacht na feola ar bun. Áirítear roinnt féidearthachtaí i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 mar sin féin lena gceadaítear marú ar an ngabháltas bunáitíochta faoi réir coinníollacha áirithe, mar a léirítear i dTáblaí 1 agus 2.

Tábla 1 Féidearthachtaí i ndáil le marú agus ullmhú conablaigh ar an ngabháltas bunáitíochta

| **Speicis** | **Marú iomlán** |
|---|---|
| Gach speiceas clóis agus géim saothraithe | Seamlas beag (seasta) formheasta |
| | Seamlas soghluaiste iomlán formheasta |
| | Leath-shoghluaiste, arna fhormheas i gcomhar le páirteanna seasta mar shampla le haghaidh sáinseáin nó fuarú |
| | Le haghaidh tomhaltas príobháideach baile gan an fheoil a chur ar an margadh |

| | |
|---|---|
| Éanlaith chlóis agus giorriaigh, réinfhianna (*Rangifer tarandus tarandus*, i limistéir áirithe den Fhionlainn agus den tSualainn) | Cainníochtaí beaga feola a sholáthraítear go díreach don tomhaltóir deiridh nó do bhunaíocht mhiondíola áitiúil a sholáthraíonn go díreach don tomhaltóir deiridh |

Tábla 2 Féidearthachtaí i ndáil le stiúdadh agus fuiliú (+ an ghoile agus na hinní a bhaint b'fhéidir) ar an ngabháltas bunáitíochta faoi réir coinníollacha áirithe

| **Speicis** | **Stiúdadh agus fuiliú (+ an ghoile agus na hinní a bhaint b'fhéidir)** |
|---|---|
| Crúbaigh chlóis | Marú éigeandála |
| Ainmhithe den speiceas buaibheach, gabhair, caorach agus mucúil agus dlúthchrúbaigh | Líon teoranta |
| Raitítigh shaothraithe, crúbaigh géim shaothraithe agus bíosúin shaothraithe | Chun aon riosca don láimhseálaí a sheachaint nó chun gortuithe ainmhithe le linn a n-iompair a chosc |
| Éanlaith chlóis a ndéantar dí-inniú orthu ar thoradh moille, géanna agus lachain a thógtar le haghaidh '*foie gras*' a tháirgeadh, géim (bheag) shaothraithe | Is ceadmhach |

Ní mór gníomhaíochtaí maraithe iomláin agus ullmhaithe conablaigh ar an bhfeirm a dhéanamh i gcomhréir leis na ceanglais sláinteachais ghinearálta iomchuí de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus leis na rialacha sonracha maidir le sláinteachas bia i ndáil le táirgeadh feola a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Orthu sin, ní mór saoráidí seamlais a bheith formheasta ag an údarás inniúil. Is iad na heisceachtaí ar fhormheas marú le haghaidh tomhaltas príobháideach baile gan an fheoil a chur ar an margadh agus cainníochtaí beaga feola ó éanlaith chlóis agus ó ghiorriaigh a bheith á soláthar go díreach don tomhaltóir deiridh nó do bhunaíocht mhiondíola áitiúil a sholáthraíonn go díreach don tomhaltóir deiridh i gcomhréir le hAirteagal 1.3 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

D'fhéadfadh sé a bheith an-dúshlánach ó thaobh sláinteachais de **crúbaigh a stiúdadh agus a fhuiliú ar an ngabháltas bunáitíochta**, mar shampla tá an baol ann go ndéanfaí conablaigh a thraséilliú agus iad á n-iompar chuig an seamlas agus dá bhrí sin glacadh cur chuige stuama trí theorainn a chur leis na speicis agus an líon ainmhithe agus oibleagáid a leagan síos nach mór tréidlia oifigiúil a bheith i láthair.

I gcás ina mbeidh na ceanglais bhonneagair i Rialacháin (CE) Uimh. 852/2004 agus 853/2004 díréireach i ndáil le marú ar an bhfeirm, féadfaidh na Ballstáit na ceanglais sin a oiriúnú, trí bhearta náisiúnta a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos chuige sin in Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus/nó Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

Tá **gníomhaíochtaí seamlais trasteorann** faoi réir srianta áirithe:

- seamlas soghluaiste iomlán a fhormheas laistigh de gach Ballstát ina n-oibríonn an seamlas (agus marc sláinte/aitheantais éagsúil a chur ar an táirge) ós inniúlacht gach údaráis náisiúnta é formheas a dhéanamh ar bhunaíocht ar a chríoch;

- níl aon srian breise le húsáid trasteorann aonad soghluaiste (boscaí maraithe) i gcomhréir le Caibidil VIa de Roinn I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004: Is féidir le tréidlia oifigiúil céadchéime de thír A cigireacht réamhbháis a dhéanamh i dtír A, agus is féidir cigireacht iarbháis sa seamlas i dtír B a dhéanamh faoi mhaoirseacht nó faoi fhreagracht tréidlia oifigiúil eile de thír B. Is í an uimhir formheasa/marc sláinte a úsáidtear an uimhir formheasa/marc sláinte ar leis an seamlas a bhfuil na haonaid shoghluaiste ina gcuid de í.

### 5.8. Feoil úr a reo 'gan moill mhíchuí'

Le pointe 4 de Chaibidil VII de Roinn I (feoil ó chrúbaigh chlóis) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, leagtar síos '*[nach mór] feoil a bheartaítear a reo […] a reo gan moill mhíchuí, agus tréimhse chobhsaíochta roimh an reo á cur san áireamh nuair is gá sin*'. Tagraíonn an tréimhse chobhsaíochta don tréimhse ama a mhaireann roinnt laethanta de ghnáth. Le linn na tréimhse sin, is féidir an fheoil a ghearradh agus/nó a iompar chuig fuarstóras. Tá an reo gan moill mhíchuí infheidhme freisin maidir le feoil ó éanlaith chlóis agus ó ghiorriaigh (pointe 5 de Chaibidil V de Roinn II d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán).

Dá thoradh sin, ní mór feoil a reo go gairid tar éis marú agus ní cheadaítear feoil a reo i gcás inarb amhlaidh na nithe seo a leanas ina leith:

- tá sí ag teannadh leis an dáta faoina bhfuil sí le húsáid agus reofaí an fheoil sin chun í a stóráil níos faide le haghaidh tuilleadh próiseála,

- tá sí folúsphacáilte chun í a stóráil mar fheoil fhuaraithe níos faide ná an tréimhse chobhsaíochta.

Rinneadh eisceacht le haghaidh deonacháin bhia ar an leibhéal miondíola faoi choinníollacha áirithe a leagtar síos sna ceanglais thuas, chun athdháileadh sábháilte bia a éascú faoina chuimsiú sin. Ina theannta sin, tagann athruithe céadfacha ar mhairteoil de thoradh a tirim-aoisithe, agus ceadaítear í a reo gan moill mhíchuí ina dhiaidh sin.

## 5.9. Tréimhse rollach a mhéid a bhaineann le háireamh coilíneachtaí aeróbacha conablaigh

Tá meánáireamh laethúil uasta coilíneachtaí aeróbacha i bhfeidhm maidir le conablaigh crúbach clóis a iompraítear ag teocht is airde ná 7 °C. Is gá tréimhse rollach 10 seachtaine a úsáid chun an meán sin a ríomh. Go ginearálta, comhfhreagraíonn an tréimhse rollach 10 seachtaine sin do 10 gcinn de sheisiúin samplála as a chéile ós rud é go bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 go dtógfaidh oibreoirí gnó bia samplaí uair amháin sa tseachtain ar a laghad chun anailís mhicribhitheolaíoch a dhéanamh orthu i dtaca le háireamh coilíneachtaí aeróbacha. I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005, féadfar an mhinicíocht samplála ar chonablaigh i dtaca le hanailísí áirimh coilíneachtaí aeróbacha a laghdú go tástáil sheachtainiúil má fhaightear torthaí sásúla 6 seachtaine as a chéile. Sa chás sin, agus i bhfianaise cur chuige comhchuibhithe ar fud an Aontais, ba cheart 10 seachtaine samplála nó 10 seisiún samplála a thuiscint le 10 seachtaine.

## 5.10. Ullmhóidí feola agus táirgí feola

### *5.10.1. Amhábhair le haghaidh ullmhóidí feola*

Leagtar síos i bpointe 2 de Chaibidil II de Roinn V d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 na hamhábhair is féidir a úsáid in ullmhóidí feola. Is féidir feoil úr ina bhfuil cnámha nó craicne a úsáid le haghaidh ullmhóidí feola toisc go dtagann siad faoin sainmhíniú ar fheoil úr. Ní féidir iad a úsáid, áfach, chun ullmhóidí feola a tháirgeadh atá déanta as feoil mhionaithe (ná chun feoil mhionaithe a tháirgeadh).

### *5.10.2. Ullmhóid feola nó táirge feola?*

Le hIarscríbhinn I de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, sainmhínítear:

- ‘Ullmhóidí feola’ mar ‘feoil úr, feoil a laghdaíodh ina blúirí san áireamh, ar cuireadh earraí bia, blastanais nó breiseáin léi nó a cuireadh trí phróisis nach leor chun struchtúr inmheánach snáithíní matáin na feola a mhodhnú agus, dá bhrí sin, chun saintréithe feola úire a dhíothú.‘ (pointe 1.15).

- ‘Táirgí feola’ mar ‘táirgí próiseáilte a thagann as feoil a phróiseáil nó as táirgí próiseáilte den sórt sin a phróiseáil tuilleadh, ionas gur léir ón dromchla gearrtha

nach bhfuil saintréithe feola úire ag gabháil leis an táirge a thuilleadh.' (Pointe 7.1).

Leagtar síos sainmhínithe ar 'phróiseáil', 'táirgí neamhphróiseáilte' agus 'táirgí próiseáilte', faoi seach, in Airteagal 2(1)(m), (n) agus (o) de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus is infheidhme iad maidir le gach táirge bia, feoil san áireamh.

Tagann gach táirge feola faoin sainmhíniú ar 'tháirgí próiseáilte'. Tagann ullmhóidí feola faoin sainmhíniú ar 'tháirgí neamhphróiseáilte'. Go deimhin, fiú má tá gníomhaíocht a luaitear sa sainmhíniú ar 'phróiseáil' déanta ar fheoil úr nach bhfuil leordhóthanach chun struchtúr inmheánach snáithíní matáin na feola a mhodhnú agus, dá réir sin, nach ndíothaíonn saintréithe feola úire, is ullmhóid feola, agus táirge neamhphróiseáilte dá réir sin, an táirge deiridh. Má bhí an ghníomhaíocht sin leordhóthanach chun struchtúr inmheánach snáithíní matáin na feola a mhodhnú, áfach, agus an táirge a athrú go substaintiúil dá réir, is táirge feola (nó táirge próiseáilte) é an táirge deiridh.

Tá na sainmhínithe ar 'ullmhóidí feola' agus 'táirgí feola' (agus sainmhínithe eile i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004) ina sainmhínithe leathana d'aon ghnó toisc go bhfuil teicneolaíocht na feola nuálach. Is gá mar sin féin go dtiocfadh táirgí faoi shainmhíniú áirithe agus ba cheart iad a dhéanamh de réir na gceanglas sláinteachais ábhartha. Ina theannta sin, tagraítear do na sainmhínithe sin i rialacha maidir le caighdeáin mhargaíochta, breiseáin agus lipéadú agus tá sé fíor-riachtanach dá réir sin go gcomhchuibheofaí a gcur i bhfeidhm a mhéid is féidir.

Féadfar táirgí a chur ar an margadh sula mbeidh athruithe iomlána ar an bhfeoil/struchtúr inmheánach snáithíní matáin tugtha i gcrích de thoradh na próiseála. Sna cásanna sin, is é a mhéid a díothaíodh saintréithe feola úire an tráth a chuirfear táirge ar an margadh a chinnfidh an sainmhíniú faoina dtiocfaidh an táirge sin. Mura ndíothaítear saintréithe feola úire go hiomlán, ba cheart a mheas go dtagann an táirge faoin sainmhíniú ar 'ullmhóidí feola'. Má dhíothaítear saintréithe feola úire go hiomlán, ba cheart a mheas go dtagann sé faoin sainmhíniú ar 'tháirgí feola'.

Tá sé le sonrú ó amharc go ndíothaítear saintréithe feola úire le roinnt cineálacha próiseála (mar shampla, téamh, deatú, triomú) agus is féidir idirdhealú cinnte a dhéanamh dá bharr sin idir ullmhóidí feola (mar shampla, feoil nár cócaráladh ach a dromchla) agus táirgí feola (feoil a cócaráladh go hiomlán).

I gcásanna eile, imíonn saintréithe na feola úire ar bhealach níos caolchúisí agus de réir a chéile trí theicnící próiseála ar nós sailleadh, leasú agus maranáidiú. Sna cásanna sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar dhíothú saintréithe feola úire tráth a chuirtear an fheoil ar an margadh chun cinneadh a dhéanamh ar cheart í a chur ar an margadh mar ullmhóid feola nó mar tháirge feola. Ní próiseáil ann féin é blastanais, comhábhair nó breiseáin a chur leis an bhfeoil (rud dá dtagraítear go mícheart uaireanta mar mharanáidiú). Sa chás amháin ina gcuirtear aigéid orgánacha agus/nó salann leis an táirge sula gcuirtear ar an margadh é agus ina

ngabhann éifeacht phróiseála leis sin agus caillteanas saintréithe feola úire i lár an táirge, is táirge feola é.

Is féidir na samplaí seo a leanas a sholáthar dá bhrí sin:

a) Feoil mhionaithe ar cuireadh táirgí bia, blastanais nó breiseáin eile léi gan éifeacht acu ar shaintréithe feola (mionaithe) úire, tagann sí chun bheith ina hullmhóid feola[14].

b) Is é is maranáid ann ullmhóid leachtach eisiginiúil a n-ionchorpraítear aigéid orgánacha nó a salainn ar a laghad inti agus a úsáidtear chun feoil a mhaothú agus a leasú: d'fhéadfadh sí a bheith goirt agus/nó milis, i bhfoirm tarsainn, olúil b'fhéidir agus/nó alcólach. Is é is sáile ann tuaslagán uisce agus salainn ar a laghad a úsáidtear le haghaidh leasú: ní fhéadfaidh a bheith ann ach comhábhair agus breiseáin atá ceadaithe a bheith sa táirge lena gcuirtear é. Meastar gur cineálacha próiseála iad maranáidiú agus leasú toisc go n-athraítear an táirge tosaigh go substaintiúil leo a mhéid a bhaineann le pH, cion salainn (féach pointe 1(m) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004). Mar sin féin, ní thagann ullmhóid feola chun bheith ina táirge feola ach i gcás ina mbeidh próiseáil chríochnúil déanta uirthi agus struchtúr inmheánach snáithíní matáin na feola modhnaithe dá toradh sin (féach an sainmhíniú ar tháirge feola) in aon áit sa táirge. Dá dhroim sin:

    i. Feoil úr atá maranáidithe go hiomlán go dtí a lár, is gnách go dtagann sí faoin sainmhíniú ar 'tháirgí feola' toisc go mbíonn dínádúrú ar phróitéiní snáithíní matáin mar thoradh ar an bpróiseas sin, arb é atá ann modhnú ar struchtúr inmheánach snáithíní matáin. Is gá a chinntiú go ráthófar leis an bpróiseas ina gcuirtear an mharanáid ar an bhfeoil go leathfaidh an mharanáid go haonfhoirmeach isteach go dtí lár na feola (mar shampla trína hinstealladh agus úsáid á baint as insteallaire ilcheann maranáide, trí chóireáil mheicniúil le meaisín rothlaithe feola, tríd an bhfeoil a thumadh ar feadh tamall fada chun an dáileadh maranáide is aonfhoirmí a bhaint amach).

    ii. Feoil úr nach bhfuil maranáidithe go hiomlán go dtí a lár, tagann sí faoin sainmhíniú ar 'ullmhóidí feola' toisc nach iomlán an modhnú ar an struchtúr inmheánach snáithíní matáin agus go bhfuil saintréithe feola úire fós le sonrú ar dhromchla gearrtha na feola.

    iii. Feoil úr atá leasaithe le sáile go hiomlán go dtí a lár, d'fhéadfadh sé, i gcéim tosaigh, gur ullmhóid feola fós í agus nach dtiocfaidh sí faoin sainmhíniú ar 'tháirgí feola' go dtí go mbeidh éifeacht triomaithe le sonrú de bharr an salann a chur léi, ar dá thoradh a imíonn saintréithe feola úire de réir a chéile sula gcuirtear ar an margadh í. Is gá a chinntiú go ráthófar leis an bpróiseas ina gcuirtear an sáile leis an bhfeoil go leathfaidh an sáile go haonfhoirmeach isteach go dtí lár na

[14] Murar cuireadh ach salann léi agus más lú ná 1 % an cion salainn, is feoil úr fós í agus ní ullmhóid feola.

feola (mar shampla trína hinstealladh agus úsáid á baint as insteallaire ilcheann sáile, trí chóireáil mheicniúil le meaisín rothlaithe feola, tríd an bhfeoil a thumadh ar feadh tamall fada chun an dáileadh sáile is aonfhoirmí a bhaint amach).

iv. Feoil úr nach bhfuil leasaithe go hiomlán go dtí a lár, tagann sí faoin sainmhíniú ar 'ullmhóidí feola' toisc nach mbíonn an modhnú ar an struchtúr inmheánach snáithíní matáin iomlán in am ar bith agus go mbíonn saintréithe feola úire fós le sonrú ar dhromchla gearrtha na feola.

c) Feoil thobfhriochta atá fós amh ina lár, tagann sí faoin sainmhíniú' ar 'ullmhóidí feola', toisc nach raibh an próiseas téimh leordhóthanach chun struchtúr inmheánach snáithíní matáin na feola a mhodhnú agus saintréithe feola úire a dhíothú go hiomlán. Tá saintréithe feola úire fós le sonrú ar dhromchla gearrtha na feola dá bhrí sin.

d) Feoil atá friochta go hiomlán ach is gá a chócaráil fós sula n-íosfar í, tagann sí faoin sainmhíniú ar 'tháirgí feola', toisc gur mhodhnaigh an friochadh struchtúr inmheánach snáithíní matáin na feola a mhéid a díothaíodh saintréithe feola úire agus nach bhfuil saintréithe feola úire le sonrú a thuilleadh ar dhromchla gearrtha na feola.

## BAINNE AGUS TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA

### 5.11. Fearais uathoibríocha bhleáin

Le hIarscríbhinn III, Roinn IX, Caibidil I, Cuid II, Fochuid B, Pointe 1(b) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, leagtar síos nach mór 'don bhliteoir a sheiceáil an bhfuil mínormáltachtaí orgánaileipteacha nó fisiciceimiceacha sa bhainne ó gach ainmhí nó ní mór an tseiceáil sin a dhéanamh trí mhodh lena mbaintear torthaí comhchosúla amach'.

Go traidisiúnta, déanann an bliteoir scrúdú amhairc ar an mbainne ó gach ainmhí. Féadfar úsáid a bhaint as modhanna eile lena mbaintear torthaí comhchosúla amach.

Tá gá le modhanna eile má úsáidtear fearais bleáin lán-uathoibrithe le haghaidh an bhleáin. Go sonrach, ba den dea-chleachtas é gur cheart na fearais uathoibríocha bhleáin a bheith in ann bainne mínormálta a bhrath go huathoibríoch agus é a eisiamh ón soláthar lena chaitheamh ag an duine. Forbraíodh caighdeán ISO a aithnítear go hidirnáisiúnta a bhaineann le ceanglais maidir le fearais uathoibrithe bhleáin agus áirítear ann na modhanna a úsáidtear chun a sheiceáil an bhfuil mínormáltachtaí orgánaileipteacha nó fisiciceimiceacha sa bhainne (ISO 20966:2007).

## 5.12. Lipéadú

Forordaítear le hIarscríbhinn III, Roinn IX, Caibidil IV de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 an lipéadú ar bhainne amh agus ar tháirgí atá déanta as bainne amh a cheaptar lena chaitheamh ag an duine i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 1169/2011 (Faisnéis Bhia do Thomhaltóirí). Ciallaíonn sé sin go bhfuil an fhaisnéis lipéadaithe a bhaineann le táirgí atá déanta as bainne amh infheidhme go dtí an díolphointe.

Tabharfar don chustaiméir í chun deis a thabhairt dó a chinneadh a dhéanamh. Féadfar í a sholáthar ar phacáistiú, doiciméad, fógra, lipéad, fáinne nó coiléar a ghabhann leis na táirgí lena mbaineann nó a thagraíonn dóibh.

Is é ba cheart a thuiscint leis na téarmaí 'cóireáil fhisiceach nó cheimiceach' dá dtagraítear i bpointe 1(b) den chaibidil chéanna gur cóireálacha iad a chuirtear ar tháirgí déiríochta atá déanta as bainne amh chun laghdú a dhéanamh ar na guaiseacha micribhitheolaíocha féideartha a bhaineann le bainne amh (mar shampla micreascagachán). Ní ann d'aon riail de chuid an Aontais is infheidhme maidir le lipéadú sonrach táirgí déiríochta den sórt sin a mhéid a bhaineann le cineál nó ainmníocht na cóireála a chuirtear orthu.

## 5.13. Critéir maidir le bainne bó

Le hIarscríbhinn III, Roinn IX, Caibidil II, Cuid III (1) (b), leagtar síos gur lú ná 100 000 in aghaidh an mhillilítir an t-áireamh coilíneachtaí a bheidh i mbainne bó próiseáilte a úsáidtear chun táirgí déiríochta a ullmhú. Is é an réasúnaíocht atá leis an gceanglas sin nach mór bainne próiseáilte (mar shampla bainne paistéartha) a úsáidtear mar amhábhar an teorainn sin a chomhlíonadh sula rachaidh sé isteach i gcéim nua phróiseála. Tá feidhm ag an gceanglas sin maidir le cásanna neamhleanúnachais neamhbheartaithe sa phróiseas. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe leis sin go gceanglófaí ar bhainne próiseáilte a chuaigh isteach i gcéim nua phróiseála cheana féin (mar shampla ar cuireadh flóra breise leis ar chúiseanna próiseála – táirgeadh iógairt nó cáise) nó a chuirtear faoi réir próiseas leanúnach (mar shampla bainne amh > bainne paistéartha > púdar bainne) an critéar sin a chomhlíonadh.

## 5.14. Speicis ainmhithe

Le hIarscríbhinn I, pointe 4.1 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, sainmhínítear 'bainne amh' mar 'bhainne a tháirgtear trína thál as faireog mhamach ainmhithe saothraithe (…)'. Dá bhrí sin, cumhdaítear leis an sainmhíniú sin ainmhithe seachas na gnáthspeicis déiríochta (ba, caoirigh agus gabhair).

Sa chleachtas, is féidir bainne ó láracha, asail, camaill nó ainmhithe saothraithe eile, ainmhithe géim saothraithe san áireamh (réinfhianna mar shampla), a chur ar an margadh ar choinníoll go gcomhlíonann a dtáirgeadh agus a bpróiseáil na ceanglais ábhartha a leagtar síos i Rialacháin (CE) Uimh. 852/2004 agus (CE) Uimh. 853/2004.

## TÁIRGÍ IASCAIGH

### 5.15. Paraisítí atá ina n-ábhar imní don tsláinte phoiblí

In Iarscríbhinn III, Roinn VIII, Caibidil III, Pointe D de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 tá forálacha chun a chinntiú go marófar céimeanna larbhacha inmharthana paraisítí i dtáirgí iascaigh a d'fhéadfadh a bheith ina nguais sláinte do thomhaltóirí. Is é is cúis le galair sheadánacha i ndaoine daonna a tholgtar ó tháirgí iascaigh:

- Ionfhabhtú tar éis paraisítí inmharthana atá ina n-ábhar imní don tsláinte phoiblí a ionghabháil. Is iad na céimeanna larbhacha de na paraisítí sin atá ina nguais sláinte don tomhaltóir (1) néimeatóidí, go príomha larbhaí de na speicis *Anisakis* agus *Pseudoterranova decipiens*, (2) larbhaí (pléiricearcóidigh) ceastóidí *Diphyllobothrium* agus (3) larbhaí (meitichearcáirígh) treimeatóidí, nó

- Frithghníomhú ailléirgeach a bhaineann le *Anisakidae*. De réir EFSA[15], níl ach *Anisakis simplex* luaite go soiléir mar chúis le frithghníomhuithe ailléirgeacha. Sonraíonn EFSA gurb é an príomhrud a thionscnaíonn ailléirge in aghaidh néimeatóidí *Anisakis* i ndaoine daonna é a n-ionfhabhtú le larbhacha beo den speiceas *Anisakis simplex*.

### 5.16. Modhanna chun céimeanna larbhacha paraisítí a mharú

Ní mór d'oibreoirí gnó bia a chinntiú gur cuireadh táirgí iascaigh faoi scrúdú amhairc chun paraisítí infheicthe a bhrath sula gcuirtear ar an margadh iad. An scrúdú amhairc a dhéantar, de réir Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005, ar tháirgí iascaigh dí-innithe agus ar tháirgí iascaigh nach bhfuil dí-innithe, is é is cuspóir dó nach ndéanfar táirgí iascaigh atá 'éillithe go follasach' a chur ar an margadh lena gcaitheamh ag an duine. Is minic a chuirtear táirgí iascaigh ar an margadh mar tháirgí iascaigh úra a chócarálann nó a reonn an custaiméir sula n-itheann sé iad, ar bhealach lena gcinntítear go marófar paraisítí inmharthana. Ní mór scrúdú amhairc a dhéanamh ar tháirgí iascaigh sa riocht ina láimhseálann an t-oibreoir bia iad (iomlán, dí-innithe, filléadaithe, sliste). I Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 tá sainmhínithe a bhaineann leis an scrúdú amhairc, chomh maith le rialacha níos mionsonraithe maidir le scrúdú amhairc ar éisc dhí-innithe, fhilléadaithe agus shliste.

Sonraítear leis an téacs reachtach teocht agus fad ama na cóireála atá le déanamh ag oibreoirí gnó bia chun paraisítí inmharthana a mharú. An lár-theocht sin a bhaint amach, braitheann sé ar thiús agus comhdhéanamh an táirge. Meastar, mar shampla, gur cheart filléad atá 3 cm ar tiús a théamh ar feadh 10 nóiméad chun a chinntiú go scriosfar larbhaí *Anisakis* spp. Mar sin féin, tá céim larbhach

---

15 Tuairim ón bPainéal Eolaíoch um Ghuaiseacha Bitheolaíocha (BIOHAZ) maidir le paraisítí i dtáirgí iascaigh
arna glacadh an 11 Márta 2010. http://www.efsa.europa.eu/it/scdocs/doc/1543.pdf

(meitichearcáiriach) treimeatóidí (an speiceas *Opisthorchis* agus an speiceas *Clonorchis* san áireamh) a fhaightear in éisc fionnuisce i limistéir gheografacha áirithe níos frithsheasmhaí ina aghaidh teochtaí.

Oibreoirí gnó bia a chuireann éisc fionnuisce ar an margadh, ní mór dóibh a chur san áireamh freisin an riosca go bhféadfadh meitichearcáirígh a bheith sna táirgí sin a bheadh ina nguais sláinte má bhíonn siad le hithe gan cóireáil a mharaíonn paraisítí den sórt sin. Léiríonn tuarascálacha éagsúla paraiméadair éagsúla le haghaidh na cóireála reo trína mharaítear meitichearcáirígh treimeatóidí éagsúla, rud a léirítear arís i bhforálacha reachtacha éagsúla ar fud an domhain. Sa Tuairim uaidh maidir le Paraisítí i dTáirgí Iascaigh, tagraíonn EFSA do ráitis WHO ina ndeirtear go maraítear meitichearcáirígh *Opisthorchis* spp. agus *Clonorchis* spp. trína reo ag -10 °C ar feadh 5 lá.

Tá paraiméadair theochta agus ama eile i ndáil le meitichearcáirígh éagsúla le fáil i measc nithe eile i bPáipéar Teicniúil Iascaigh 444 ó Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe[16]. Áirítear sna sonraí sin tagairtí don pharaiméadar go dtógfaidh sé 3-4 lá chun larbhaí *Clonorchis sinensis* a mharú má reoitear ag -20 °C iad agus 32 uair an chloig chun larbhaí *Opisthorchis felinus* a mharú ag -28 °C.

Maidir leis an gcóireáil teasa a mharóidh meitichearcáirígh, tagraíonn EFSA sa Tuairim uaidh maidir le Paraisítí i dTáirgí Iascaigh do theocht 70 °C ar feadh 30 nóiméad chun meitichearcáirígh *Clonorchis* agus *Opisthorchis* a mharú.

I gcás ina gcuirfidh oibreoirí gnó bia táirgí iascaigh ar an margadh a bheartaítear a chaitheamh i bhfoirm amh nó maranáidithe, saillte nó cóireáilte le cóireáil nach bhfuil leordhóthanach chun an pharaisít inmharthana a mharú, sonraítear leis an reachtaíocht nach gá do na hoibreoirí gnó bia an chóireáil reo a chur ar tháirgí iascaigh arna leasú mar tháirgí iascaigh reoite ar feadh tréimhse fada go leor chun na paraisítí inmharthana a mharú. De réir na reachtaíochta, ní mór táirgí iascaigh reoite a choimeád ag teocht nach mó ná -18 °C i ngach cuid den táirge. I gcás paraisítí seachas treimeatóidí, ní mór é a bheith i gceist leis an gcóireáil reo an teocht i ngach cuid den táirge a ísliú go dtí na teochtaí seo a leanas ar a laghad:

(a) – 20 °C ar feadh tréimhse nach lú í ná 24 uair an chloig;

nó

(b) – 35 °C ar feadh tréimhse nach lú í ná 15 uair an chloig

Cé go bhfuil larbhaí treimeatóidí beagán níos frithsheasmhaí, is féidir teacht ar an gconclúid go marófar na paraisítí uile a d’fhéadfadh a bheith ina nguais sláinte don tomhaltóir de thairbhe na tréimhse ama lenar gnách táirgí iascaigh reoite a

[16] Páipéar Teicniúil Iascaigh 444 ó Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, *Assessment and management of seafood safety and quality: Chapter 5.1.4 Parasites* [Measúnú agus bainistíocht ar shábháilteacht agus cáilíocht bia mara: Caibidil 5.1.4 Paraisítí]. http://www.fao.org/docrep/006/y4743e/y4743e0c.htm

choimeád ag -18 °C le linn fuarstórála, iompair agus an tslabhra dáilte. Má reoitear táirgí iascaigh úra ar feadh tréimhse ghearr ama ar chúiseanna teicneolaíocha ar nós cóireáil reo chun paraisítí inmharthana atá ina n-ábhar imní don tsláinte phoiblí a dhíothú, is féidir a mheas fós gur táirgí iascaigh úra iad.

D'fhéadfaí paraisítí i dtáirgí iascaigh a mharú freisin trí mhodhanna eile seachas cóireáil reo nó teasa, amhail sailleadh ar feadh tréimhse áirithe, mar shampla. Má úsáideann oibreoirí gnó bia modhanna eile den sórt sin chun paraisítí a d'fhéadfadh a bheith ina nguais sláinte don tomhaltóir a mharú, ní mór an chóireáil a dhéanamh i gcomhréir le measúnú riosca lena ndéantar a éifeachtúlacht a dhoiciméadú. Tá sonraí breise le fáil i ndoiciméid éagsúla maidir le modhanna chun céimeanna larbhacha paraisítí atá ina n-ábhar imní don tsláinte phoiblí a mharú. Áirítear orthu sin an Tuairim ó EFSA maidir le paraisítí i dtáirgí iascaigh, an Tuairim ó EFSA maidir le paraisítí iasc den Mhuir Bhailt[17], Páipéar Teicniúil Iascaigh 444 ó Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe agus Tuairim 2007-SA-0379[18] ó chomhlacht measúnaithe riosca na Fraince, AFSSA.

## 5.17. **Gabhálacha táirgí iascaigh fiáine**

Foráiltear le Pointe D.3(c) de Chaibidil III de Roinn VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 go n-údaróidh údarás inniúil Ballstáit nach gá an chóireáil reo a dhéanamh i gcás ina mbeidh sonraí eipidéimeolaíocha ar fáil ina léirítear nach bhfuil an limistéar iascaigh ina ghuais sláinte maidir le paraisítí a bheith i láthair ann.

Tháinig EFSA ar an gconclúid nach mór a mheas go bhfuil an riosca ann i gcás na n-iasc sáile agus fionnuisce uile a ghabhtar go fiáin go bhféadfadh paraisítí inmharthana a bheith iontu a bheadh ina nguais sláinte don duine más amh nó beagnach amh a bhíonn na táirgí sin le hithe. Dá thoradh sin, meastóireacht ar dhoiciméadacht nua á rá gur saor ó pharaisítí atá éisc a ghabhtar go fiáin, bídís ó sháile nó ó fhionnuisce, ba cheart í a bheith bunaithe ar mheasúnú riosca iomchuí. Ba cheart leitheadúlacht agus flúirse chomh maith le speicis agus dáiltí geografacha na bparaisítí agus a n-óstach a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar cibé acu is dócha nó nach dócha go mbainfeadh guais sláinte le táirgí iascaigh ó limistéar iascaigh, mar aon le torthaí ó chórais mhonatóireachta agus treochtaí ó thaobh láithreacht agus flúirse paraisítí de. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin

[17] Tuairim ón bPainéal Eolaíoch um Ghuaiseacha Bitheolaíocha (BIOHAZ) maidir le measúnú ar shonraí eipidéimeolaíocha i ndáil leis na rioscaí sláinte a leanann as paraisítí a bheith i láthair in éisc a ghabhtar go fiáin sa Mhuir Bhailt, arna glacadh an 7 Iúil 2011 http://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/2320.htm

[18] Tuairim ó Ghníomhaireacht na Fraince um Shábháilteacht Bia (Afssa) maidir le hiarraidh ar mheasúnú riosca i ndáil le láithreacht *anisakidae* i dtáirgí iascaigh agus leathnú na díolúine ón oibleagáid i leith reo sláintíoch a dhéanamh ar tháirgí iascaigh a bhfuil a mbeathú faoi rialú agus i gcás speicis áirithe d'éisc fhiáine. (Afssa – Iarraidh Uimh. 2007-SA-0379). http://www.anses.fr/Documents/MIC2007sa0379EN.pdf

nach mór do Bhallstát urraim a thabhairt dá oibleagáid fógra a thabhairt faoi aon bheart náisiúnta den sórt sin i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/1535[19].

### 5.18. Táirgí iascaigh saothraithe

Luaitear le Pointe D.3(d) de Chaibidil III d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 gur féidir táirgí iascaigh saothraithe áirithe a dhíolmhú ón gceanglas reo fiú má tá sé beartaithe iad a ithe i bhfoirm amh nó maranáidithe, saillte nó cóireáilte le cóireáil nach bhfuil leordhóthanach chun na paraisítí inmharthana a mharú. Nósanna imeachta agus bearta lena gcinntítear nach mbeidh paraisítí i láthair, ba cheart iad a dhearadh de réir an riosca ionfhabhtaithe. D'fhéadfadh treoracha dea-chleachtais a bheith ina n-uirlisí iomchuí a thabharfadh cúnamh d'oibreoirí gnó bia modhanna a shainiú lena gcinnteofar nach mbeidh táirgí iascaigh ionfhabhtaithe le paraisítí a d'fhéadfadh a bheith ina nguais sláinte.

#### *5.18.1. Córais feirmeoireachta lena gcuirtear as an áireamh, de thairbhe a gcineáil, aon fhéidearthacht ionfhabhtaithe*

Is córais iad sin ina bhfágann dearadh na saoráidí agus an chórais feirmeoireachta, de thairbhe a gcineáil, go dtugtar cosaint ar rochtain ar aon fhoinse ionfhabhtaithe. Áirítear ar na córais sin córais umar ar talamh dá sholáthraítear uisce ar féidir a léiriú go bhfuil sé saor ó pharaisítí. Ní bhaineann córais oscailte amhail caighin ar snámh, srl. leis an gcatagóir sin. Nuair a thógtar éisc i bhfionnuisce, ba cheart an t-uisce a bheith ag sreabhadh go leanúnach agus níor cheart é a fháil ó lochanna ná ó thaiscumair. I gcás nach gcomhlíontar na ceanglais sin, nó i gcás ina dtógtar éisc i sáile, ba cheart an t-uisce a scagadh ar bhealach lena gcoisctear rochtain aon fhoinse ionfhabhtaithe. I gcás córais feirmeoireachta lena gcuirtear as an áireamh, de thairbhe a gcineáil, aon fhéidearthacht go n-ionfhabhtófaí an táirge iascaigh, is leor doiciméadú a dhéanamh ar chomhlíonadh dea-chleachtais i ndáil le córais feirmeoireachta den sórt sin lena gcinntítear nach ann do pharaisítí atá ina nguais sláinte.

#### *5.18.2. Feirmeoireacht éisc ina bhfuil an riosca ionfhabhtaithe diomaibhseach*

Ní mór do na córais táirgthe sin na bunchritéir a chomhlíonadh freisin maidir le héisc a shaothrú ó shuthanna agus iad a bheathú ar feadh a saoil uile le haiste bia nach féidir paraisítí inmharthana a bheith inti. Mar sin féin, níl na córais sin leithlisithe go hiomlán óna dtimpeallacht maidir le paraisítí a d'fhéadfadh a bheith i láthair inti. Féadfaidh na héisc cuid dá saol ar a laghad a chaitheamh i dtimpeallacht nach féidir a chur as an áireamh go bhfuil paraisítí i láthair inti, mar shampla. De réir na tuairime eolaíche ó EFSA, tá riosca diomaibhseach ag baint leis an mbradán Atlantach, arna saothrú ar bhealach sonrach, ó thaobh paraisítí atá ina n-ábhar tábhachtach imní don tsláinte phoiblí. Ón taithí phraiticiúil ar speicis eile seachas an Bradán Atlantach saothraithe, léirítear go bhféadfadh táirgí iascaigh eile a shaothraítear ar bhealaí áirithe agus/nó i limistéir shonraithe, i bhfionnuisce

[19] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na gcaighdeán teicniúil agus na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (códú) IO L 241, 17.9.2015, lgh. 1–15

agus i sáile, a bheith saor ó pharaisítí a bhfuil riosca do thomhaltóirí ag baint leo. Sula gcuirfidh oibreoirí gnó bia an maolú ar an gcóireáil reo i bhfeidhm maidir leis an táirgeadh sin, ní mór a léiriú go gcinntítear leis na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm nach bhfuil an táirgeadh ina ghuais sláinte a mhéid a bhaineann le paraisítí beo a bheith i láthair. Ní mór don údarás inniúil na nósanna imeachta sin a fhormheas. I roinnt cásanna, is leordhóthanach tagairt a dhéanamh do mheasúnú riosca EFSA i ndáil leis an gcineál táirgthe sin, do na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm agus clár monatóireachta cineálach a bheith i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta chun a chinntiú nach n-athróidh an fhaisnéis ar a bhfuil an measúnú riosca fabhrach bunaithe.

Mura féidir an riosca paraisítí a chur as an áireamh leis an gcineál táirgthe, d’fhéadfaí a mheas, mar riail ghinearálta, gur gá monatóireacht níos déine a dhéanamh ar tháirgí iascaigh, ar leibhéal na feirme nó ar leibhéal na baisce fiú. Na modhanna a chuirtear i bhfeidhm chun a sheiceáil nach bhfuil paraisítí i láthair, ba cheart iad a choigeartú i leith an chineáil paraisítí, an chineáil speicis éisc, srl., ó scrúdú amhairc, trí choinnliú (scrúdú amhairc ar bhord solais) go díleá saorga i bpeipsin/HCl. Dá léireofaí trí chláir mhonatóireachta , nó ar aon bhealach eile, go bhfuil aon pharaisít ann a d’fhéadfadh a bheith ina guais sláinte, ba cheart na táirgí sin a eisiamh ón díolúine reo go dtí go seiceálfar an córas táirgthe agus go mbeidh an bhail bhunaidh ar an bhfeirm arís lenar ceadaíodh don oibreoir gnó bia úsáid a bhaint as an díolúine.

### 5.19. Doiciméid a ghabhann le táirgí iascaigh nár cuireadh cóireálacha reo orthu.

Le gach baisce de tháirgí iascaigh atá faoi réir an mhaolaithe dá dtagraítear i bpointe D 3 (c) agus (d) de Chaibidil III de Roinn VIII d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 (nach gá iad a reo), gabhfaidh doiciméadacht a léiríonn gur údaraigh na húdaráis inniúla na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm lena gcinntítear nach bhfuil an táirgeadh ina ghuais sláinte maidir le paraisítí a bheith i láthair ann. D’fhéadfaí a áireamh uirthi sin abairt sa doiciméad tráchtála lena ndeonaíonn údaráis inniúla thír thionscnaimh na dtáirgí iascaigh formheas na nósanna imeachta, nó cóipeanna d’fhormheas na nósanna imeachta arna soláthar ag na húdaráis inniúla nó aon doiciméad eile a chruthaíonn go bhfuarthas údarú ó na húdaráis inniúla an chóireáil reo fhorordaithe a sheachaint.

### 5.20. An téarma ‘éillithe go follasach’

In Iarscríbhinn III, Roinn VIII, Caibidil V, Pointe D ‘PARAISÍTÍ’ de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, tá foráil ghinearálta maidir le hoibreoirí gnó bia a bhaineann le scrúdú amhairc a dhéanamh i leith paraisítí infheicthe agus rialacha maidir le táirgí iascaigh den sórt sin a chur ar an margadh:

> Ní mór d’oibreoirí gnó bia a chinntiú gur cuireadh táirgí iascaigh faoi scrúdú amhairc chun paraisítí infheicthe a bhrath sula gcuirtear ar an margadh iad. Ní ceadmhach dóibh táirgí iascaigh atá éillithe go follasach le paraisítí a chur ar an margadh lena gcaitheamh ag an duine.’

Leagtar síos i gCaibidil II de Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 forálacha níos sonraí maidir le scrúdú amhairc ar éisc dhí-innithe agus ar fhilléid agus sliseanna éisc do bhunaíochtaí ar talamh agus ar bord soithí monarchan. Sainmhínítear i gCaibidil I freisin na téarmaí 'paraisít infheicthe' agus 'scrúdú amhairc' agus 'coinnliú'.

Ní féidir modhanna dínádúraithe, amhail an modh díleá, a úsáid sa scrúdú amhairc chun a chinneadh an bhfuil táirgí iascaigh 'éillithe go follasach' le paraisítí. Ní mheastar gur modh dínádúraithe é cuas an bhoilg a ghearradh chun scrúdú amhairc a dhéanamh ar an ionathar agus ar an bpeireatóinéam. Ní mór don oibreoir bia an scrúdú amhairc a dhéanamh ar an táirge iascaigh sa riocht ina láimhseálann an t-oibreoir é (iomlán, dí-innithe, filléadaithe, sliste). Mura láimhseálann oibreoir bia ach éisc nach bhfuil dí-innithe, déantar scrúdú amhairc ar dhromchla an éisc, mar shampla craiceann, súile, béal agus geolbhaigh. Má bhaineann an t-oibreoir bia na hinní as an táirge iascaigh, áirítear cuas an bhoilg, an t-ionathar agus an peireatóinéam sa scrúdú freisin. Má dhéantar an táirge iascaigh a fhilléadú agus/nó a shliseadh, ba cheart scrúdú a dhéanamh ar na filléid agus na slisní.

I gcás ina mbeidh breithniú á dhéanamh an bhfuil táirge iascaigh 'éillithe go follasach' le paraisítí, chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu is féidir nó nach féidir é a chur ar an margadh, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir codanna inite agus neamh-inite den táirge iascaigh:

- I gcás nach bhfaighfear paraisítí infheicthe ach i gcodanna den táirge iascaigh nach bhfuil le hithe (**codanna neamh-inite den amhábhar**), cinntítear leis na gnáthnósanna imeachta (dí-inniú, srl. san áireamh) nach bhfuil na hamhábhair a úsáidtear iarbhír le haghaidh táirgí a cheaptar lena gcaitheamh ag an duine éillithe go follasach le paraisítí infheicthe. Nuair a bhaintear na codanna neamh-inite, ní mheastar na hamhábhair a bheith 'éillithe go follasach'.

- I gcás ina mbeidh **codanna inite (amhábhair nó táirgí atá le cur ar fáil don tomhaltóir)** éillithe go follasach le paraisítí infheicthe, beidh dhá rogha ag an oibreoir gnó bia:

  (i) gan an táirge iascaigh a chur ar an margadh, nó

  (ii) gnáthnósanna imeachta sórtála agus/nó ullmhúcháin nó próiseála a chur i bhfeidhm go sláintíoch i gcomhréir le Pointe 1 de Chaibidil IX d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 chun a chinntiú trí scrúdú amhairc nach bhfuil an táirge atá le cur ar fáil don tomhaltóir 'éillithe go follasach' a thuilleadh le paraisítí agus go bhfuil sé oiriúnach lena chaitheamh ag an duine dá réir. Féadfar a áireamh ar na nósanna imeachta cóiriú ar amhábhair atá thar a bheith soghabhálach maidir le paraisítí.

Sholáthair an Coimisiún *Codex Alimentarius* caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta lena soláthraítear níos mó mionsonraí maidir le táirgí iascaigh sonracha áirithe atá éillithe le paraisítí. Cé nach féidir na téacsanna sin faoi tháirgí

sonracha a chur i bhfeidhm maidir le táirgí iascaigh go ginearálta, is pointí tagartha ábhartha iad le haghaidh na dtáirgí sonracha lena mbaineann.

Le téacsanna *Codex Alimentarius*, déantar teorainneacha maidir le paraisítí infheicthe neamh-inmharthana agus leibhéil lochtanna ó thaobh athruithe uigeachta i ngeall ar pharaisítí de a shonrú i gcás táirgí iascaigh sonracha áirithe atá réidh lena gcur ar fáil do thomhaltóirí. Leis an Codex, tugtar tuairisc ar choinnliú freisin ar bhealach níos mionsonraithe ná a thugtar i reachtaíocht an Aontais.

Roinnt paraisítí i dtáirgí iascaigh, b'fhéidir nach mbeidh siad infheicthe ach déanfaidh siad dianscaoileadh ar an bhfeoil agus an t-iasc a fhágáil mí-oiriúnach mar bhia don duine. Sna cásanna sin, is í an fhoráil is infheidhme Pointe 1 de Chaibidil IX d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus ní na forálacha maidir le paraisítí infheicthe i dtáirgí iascaigh dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, Roinn VIII, Caibidil V, Pointe D de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

D'fhéadfadh treoracha dea-chleachtais a bheith ina n-uirlisí iomchuí a thabharfadh cúnamh d'oibreoirí gnó bia leis an bhfadhb maidir le táirgí iascaigh a bheith 'éillithe go follasach' le paraisítí.

### 5.21. Táirgí iascaigh próiseáilte/neamhphróiseáilte

Sainmhínítear próiseáil agus táirgí próiseáilte in Airteagal 2 (m) agus (o) de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004. Luaitear in Airteagal 2(m) den Rialachán sin go '[g]ciallaíonn 'próiseáil' aon ghníomhaíocht a athraíonn an táirge tosaigh go substaintiúil, lena n-áirítear téamh, deatú, leasú, aosú, triomú, maranáidiú, úscadh, easbhrú nó teaglaim de na próisis sin.'

Déanann roinnt oibreoirí tuaslagán uisce agus breiseán a instealladh i dtáirgí iascaigh úra nó díreoite, á mhaíomh gur 'maranáidiú' atá ann. Is é is cuspóir dóibh breiseáin nó comhábhair neamhúdaraithe eile a úsáid, atá toirmiscthe i dtáirgí úra nó amha neamhphróiseáilte, agus é mar sprioc dheiridh acu dath nó uigeacht an éisc a athrú, á mhaíomh gur próiseáil í an ghníomhaíocht sin. Is cosúil le táirgí úra/amha iad na táirgí iascaigh tar éis na gcóireálacha sin, agus ní táirgí próiseáilte, rud a chuireann tomhaltóirí amú toisc nach mbíonn coinne acu leis go bhféadfadh an chuma úr a bheith ann i ngeall ar bhreiseáin neamhúdaraithe a bheith curtha le táirge úr. Breiseáin nó comhábhair neamhúdaraithe eile a bheith á n-úsáid i dtáirgí iascaigh neamhphróiseáilte, nach n-athraíonn a gcineál go substaintiúil, ní féidir a rá gur 'táirgí iascaigh próiseáilte' a leanann as agus is de shárú ar reachtaíocht an Aontais a chuirtear na táirgí sin ar an margadh mar 'tháirgí iascaigh próiseáilte' chun údar a thabhairt le húsáid na mbreiseán sin. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas gur táirgí próiseáilte iad na táirgí sin, agus é á chur san áireamh gur gníomhaíocht nach n-athraíonn an táirge tosaigh go substaintiúil é instealladh uisce ina bhfuil breiseáin, agus ní féidir iad a lipéadú amhlaidh.

## MARC AITHEANTAIS

### 5.22. Cé hé nach mór dó a mharc aitheantais a chur ar tháirge?

Leagtar síos an méid seo a leanas le hAirteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004:

'*Ní dhéanfaidh oibreoirí gnó bia táirge de bhunadh ainmhíoch arna láimhseáil i mbunaíocht atá faoi réir a formheasta i gcomhréir le hAirteagal 4(2) a chur ar an margadh mura rud é go bhfuil ceachtar de na nithe seo a leanas aige:*

*(a) marc sláinte arna chur leis i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 854/2004; nó*

*(b) marc aitheantais arna chur leis i gcomhréir le hIarscríbhinn II, Roinn I, a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcás nach bhforáiltear leis an Rialachán sin do mharc sláinte a chur leis*'

Leagtar síos le hIarscríbhinn II, Roinn I, Pointe A.2 den Rialachán thairis sin:

'*Mar sin féin, i gcás ina mbainfear pacáistiú agus/nó clúdach d'aon táirge nó ina ndéanfar tuilleadh próiseála air i mbunaíocht eile, ní mór marc nua a chur leis an táirge. Sna cásanna sin, ní mór uimhir formheasa na bunaíochta ina ndéantar na hoibríochtaí sin a lua ar an marc nua.*'

Is é 'faoi réir formheasa' an rud is príomh-shaincheist de réir Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Eisiatar leis sin bunaíochtaí nach ndéanann ach táirgeadh príomhúil, oibríochtaí iompair, stóráil táirgí nach bhfuil dálaí stórála teochtrialaithe ag teastáil lena n-aghaidh agus oibríochtaí miondíola i gcás ina bhfuil siad eisiata ó Rialachán (CE) 853/2004 agus bunaíochtaí a láimhseálann táirgí bia nach bhfuil ceanglais shonracha ina leith in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) 853/2004. Soiléirítear le hIarscríbhinn II, Roinn I, Pointe A.2 nach mór 'arna láimhseáil' in Airteagal 5(1) a thuiscint ar bhealach ginearálta, clúdach nó pacáistiú a bhaint san áireamh.

Dá bhrí sin, tá an marc aitheantais bainteach le formheas bunaíochta. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gá go dtugtar le fios le marc aitheantais a bheith curtha ar tháirge go bhfuil an táirge sin réidh lena dhíol don tomhaltóir deiridh nuair a fhágfaidh sé an bhunaíocht.

Ar an taobh eile, mura mbaintear an pacáistiú nó an clúdach, agus mura ndéantar aon phróiseáil i mbunaíocht, ní mór marc aitheantais na bunaíochta deireanaí sna céimeanna roimhe sin sa slabhra táirgeachta atá faoi réir marcáil aitheantais a choinneáil ar bun agus gan aon mharc aitheantais nua (breise) a chur air.

**Samplaí**

- Déanann A táirgí bia próiseáilte teochtchobhsaí clúdaithe a bhfuil ceanglais shonracha ina leith in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a sheachadadh do B (nach miondíoltóir é) gan lipéadú agus

gan marc aitheantais ar na táirgí clúdaithe ach a bhfuil a mharc aitheantais ar an bpacáistiú. Tógann B na táirgí clúdaithe amach as an bpacáistiú agus dá bhrí sin ní mór dó a mharc aitheantais féin a chur ar an gclúdach nó ar phacáistiú nua. Ní mór B a bheith formheasta toisc nach bhfuil a ghníomhaíochtaí teoranta don stóráil.

- Faigheann B (nach miondíoltóir é) pacáiste mór ar chuir A a mharc aitheantais ar an dromchla seachtrach dá phacáistiú agus ar na táirgí clúdaithe sa phacáiste. Baintear an pacáistiú. Déantar na táirgí clúdaithe a athphacáistiú. Ní mór marc aitheantais B a bheith ar an bpacáistiú (nó ar an gclúdach) toisc gur baineadh an pacáistiú. Ní bheidh an marc aitheantais ar an gclúdach mar an gcéanna leis an marc aitheantais ar an bpacáistiú, nó d’fhéadfadh dhá mharc aitheantais a bheith ar an gclúdach.

- Faigheann B feoil nó iasc fuaraithe a bhfuil ceanglais shonracha ina leith in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) 853/2004 ar a bhfuil marc aitheantais A, a rinne an gearradh agus an clúdach, cuir i gcás. Ní dhéanann B ach cóireáil reo a chur ar an táirge (ní dhéantar aon athchlúdach ná athphacáistiú). Ní féidir le B a mharc aitheantais a chur ar an táirge toisc nach ndéantar aon athchlúdach ná athphacáistiú agus nach próiseáil é reo.

- Faigheann B táirgí feola sliste (réamhphacáistithe) a bhfuil marc aitheantais A ar a gclúdach. Is monarcha neamhspleách é B nach ndéanann ach próiseáil ardbhrú ar an táirge, ar leor í chun an t-ualach baictéar a laghdú. Ní mór do B a mharc aitheantais a chur ar an bpacáistiú (ar an athphacáistiú) nó ar an táirge clúdaithe toisc gur próiseáil í próiseáil ardbhrú. Mar sin, d’fhéadfadh dhá mharc aitheantais a bheith ar an gclúdach. Ba cheart é a bheith soiléir cén ghníomhaíocht a rinne A agus cén ghníomhaíocht a rinne B.

### 5.23. Ilmharcáil aitheantais

I roinnt cásanna, d’fhéadfadh níos mó ná marc aitheantais amháin a bheith ar chlúdach (féach an sampla thuas maidir le táirgí feola sliste clúdaithe arna gcóireáil le próiseáil ardbhrú).

D’fhéadfaí roinnt marcanna aitheantais a chur ar phacáiste aonair ar bhonn eisceachtúil má tá tásc soiléir ann cén marc é an marc bailí. Is amhlaidh sin i gcás inar féidir an táirge céanna a tháirgeadh i mbunaíochtaí éagsúla.

Ní chuirtear cosc le foclaíocht Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ar an gcleachtas sin fad atá sé soiléir cén bhunaíocht a tháirg nó a phróiseáil an táirge. Ina theannta sin, ba cheart ilmharcáil aitheantais a bheith ina cás eisceachtúil i gcónaí agus a sheachaint a mhéid is féidir ionas nach mbeidh mearbhall ann maidir le cén bhunaíocht a tháirg an táirge.

## IARSCRÍBHINN I

**Liosta nach bhfuil uileghabhálach de tháirgí neamhphróiseáilte de bhunadh ainmhíoch**

- **Feoil úr/feoil mhionaithe/feoil díchnámhaithe go meicniúil**
- **Inní, goilí agus lamhnáin neamhchóireáilte**
- **Ullmhóidí feola**
- **Fuil úr**
- **Táirgí iascaigh úra nó táirgí iascaigh reoite atá déanta as táirgí iascaigh úra**
- **Moilisc dhébhlaoscacha bheo, eicínideirmigh bheo, túinicigh bheo agus gastrapóid mhara bheo**
- **Bainne amh**
- **Uibheacha iomlána agus ubh leachtach nach bhfuil teaschóireáilte**
- **Cosa froganna**
- **Seilidí beo**
- **Mil, gliú beach, pailin agus glóthach ríoga (más neamhphróiseáilte).**

**Táirge neamhphróiseáilte in éineacht le táirge de bhunadh plandúil, is táirge amh fós é (mura ndéantar an táirge tosaigh a athrú go substaintiúil de dhroim an táirge de bhunadh plandúil a chur leis) mar shampla**

- **Briogún ar a bhfuil feoil úr agus glasraí**

- **Táirgí iascaigh úra nó táirgí iascaigh reoite atá déanta as táirgí iascaigh úra, iad iomlán nó ullmhaithe (mar shampla filléid nó luanta éisc) agus breiseáin atá údaraithe le haghaidh táirgí iascaigh neamhphróiseáilte curtha leo**

**Nótaí:**

- Is féidir táirgí neamhphróiseáilte a aicmiú mar 'tháirgí amha', i bhfocail eile níor cuireadh faoi aon phróiseáil iad (is é sin aon ghníomhaíocht a athraíonn an táirge tosaigh go substaintiúil, téamh, deatú, leasú, aosú, triomú, maranáidiú, úscadh, easbhrú nó teaglaim de na próisis sin san áireamh). Táirgí reoite atá déanta as amhábhair neamhphróiseáilte de bhunadh ainmhíoch, is táirgí neamhphróiseáilte fós iad.
- Ciallaíonn 'úr' (a mhéid a bhaineann le feoil) feoil nár cuireadh faoi aon phróiseas leasúcháin seachas fuarú, reo nó mear-reo, feoil a fholúschlúdaítear i dtimpeallacht rialaithe san áireamh.
- Ciallaíonn 'úr' (a mhéid a bhaineann le táirgí iascaigh) táirgí iascaigh neamhphróiseáilte, bídís iomlán nó ullmhaithe, táirgí a phacáistítear faoi fholús nó i dtimpeallacht mhodhnaithe ina measc, ar táirgí iad nár cuireadh aon chóireáil seachas fuarú orthu chun leasú a chinntiú.
- Táirgí iascaigh reoite atá déanta as táirgí iascaigh úra, is táirgí neamhphróiseáilte iad, bídís iomlán nó ullmhaithe. Ba cheart iad a aicmiú go ginearálta mar tháirgí amha mar a leagtar amach sa chéad phointe urchair.

## IARSCRÍBHINN II

**<u>Liosta nach bhfuil uileghabhálach de tháirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch</u>**

***Faightear táirgí próiseáilte trí tháirgí amha a chur faoi phróiseas ar nós téamh, deatú, leasú, aosú, triomú, maranáidiú, srl. Ní mór athrú substaintiúil ar an táirge tosaigh a bheith mar thoradh ar an bpróiseas.***

– **Táirgí feola (liamhás, salámaí, srl.)**
– **Táirgí iascaigh próiseáilte (iasc deataithe, iasc arna mharanáidiú go dtí go n-athraíonn an ghníomhaíocht an táirge neamhphróiseáilte tosaigh go substaintiúil, mar shampla an chuma atá air, srl.)**
– **Táirgí déiríochta (bainne paistéartha agus bainne teaschóireáilte eile, cáis, iógart, srl.)**
– **Táirgí uibhe (púdar uibhe, srl.)**
– **Saill ainmhíoch leáite**
– **Geirdheascadh**
– **Geilitín**
– **Collaigin**
– **Inní, goilí agus lamhnáin chóireáilte, srl.**
– **Vitimín D3 agus a réamhtheachtaithe arna ndíorthú ó lanailin**


**Áirítear freisin ar tháirgí próiseáilte:**

- **Teaglaim de tháirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch, mar shampla cáis in éineacht le liamhás, ola éisc i gcapsúil geilitín bhuaibhigh, uibheagán liamháis atá déanta as táirgí uibhe.**

- **Táirgí a cuireadh faoi roinnt oibríochtaí próiseála, mar shampla cáis ó bhainne paistéartha.**

## IARSCRÍBHINN III


**Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a chur i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí[20] miondíola, formheas na bunaíochta san áireamh**




[20] Mar a shainmhínítear in Airteagal 3.7 de Rialachán (AE) Uimh. 178/2002: ciallaíonn 'miondíol' láimhseáil agus/nó próiseáil bia agus é a stóráil ag an bpointe díola leis an tomhaltóir deiridh nó ag an bpointe seachadta ar an tomhaltóir deiridh, agus áirítear ann críochfoirt dáilte, oibríochtaí lónadóireachta, ceaintíní monarchan, lónadóireacht in institiúidí, bialanna agus oibríochtaí comhchosúla eile seirbhísí bia, siopaí, ionaid dáilte ollmhargaí agus asraonta mórdhíola

# IARSCRÍBHINN IV

## Fuarstórais ina stóráiltear bia de bhunadh ainmhíoch a fhormheas




[21] Mar a shainmhínítear in Airteagal 3.7 de Rialachán (AE) Uimh. 178/2002: ciallaíonn 'miondíol' láimhseáil agus/nó próiseáil bia agus é a stóráil ag an bpointe díola leis an tomhaltóir deiridh nó ag an bpointe seachadta ar an tomhaltóir deiridh, agus áirítear ann críochfoirt dáilte, oibríochtaí lónadóireachta, ceaintíní monarchan, lónadóireacht in institiúidí, bialanna agus oibríochtaí comhchosúla eile seirbhísí bia, siopaí, ionaid dáilte ollmhargaí agus asraonta mórdhíola

## IARSCRÍBHINN V

**<u>Liosta nach bhfuil uileghabhálach de bhunaíochtaí atá faoi réir formheasa</u>**


- Ginearálta
  - Bunaíochtaí a ghabhann d'athchlúdach/athphacáistiú na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch a leagtar síos ceanglais ina leith le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, fiú mura bhfuil siad bainteach le hoibríochtaí eile ar nós sliseadh, gearradh.
  - Bunaíochtaí ina ndéantar forbhianna a mheastar a bheith ina dtáirgí de bhunadh ainmhíoch má leagtar síos ceanglais ina leith in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, mar shampla capsúil a líonadh le hola éisc
  - Fuarstórais má cheanglaítear sin ar bhonn Iarscríbhinn IV

- Feoil
  - Seamlais
  - Ionaid spólta
  - Marú ar an ngabháltas bunáitíochta (ach amháin i gcás cainníochtaí beaga feola ó éanlaith chlóis, ó ghiorriaigh agus ó réinfhianna (*Rangifer tarandus tarandus*, i limistéir áirithe den Fhionlainn agus den tSualainn amháin) a mharaítear ar an bhfeirm a bheith á soláthar go díreach ag an táirgeoir don tomhaltóir deiridh agus do bhunaíochtaí miondíola áitiúla a sholáthraíonn go díreach don tomhaltóir deiridh)
  - Bunaíocht láimhseála géim
  - Bunaíochtaí a tháirgeann feoil mhionaithe, ullmhóidí feola agus feoil díchnámhaithe go meicniúil
  - Bunaíochtaí ina ndéantar táirgí feola
  - Lárionaid bailithe géim fhiáin (bhig agus mhóir), i gcás ina mbeidh conablaigh á bhfáil ó lárionaid bailithe eile
- Moilisc dhébhlaoscacha bheo
  - Oibreoirí idirmheánacha i gcás ina mbeidh fuarstóras acu nó ina ndéanfaidh siad baisceanna de mhoilisc dhébhlaoscacha bheo a ghrúpáil nó a roinnt nó ina ndéanfaidh siad cóireáil nó atumadh orthu
  - Lárionaid seolta
  - Lárionaid íonúcháin
- Táirgí iascaigh
  - Reothrálaeir, soithí cuisnithe agus soithí monarchan
  - Bunaíochtaí ar talamh
- Bainne agus táirgí déiríochta

    - Bunaíochtaí a phróiseálann bainne amh ina bhainne teaschóireáilte agus ina tháirgí déiríochta atá déanta as bainne amh
    - Bunaíochtaí a dhéanann táirgí déiríochta as táirgí déiríochta atá próiseáilte cheana féin (mar shampla im as uachtar paistéartha, cáis as bainne paistéartha nó púdar bainne)
    - Lárionaid bailithe bainne
- Uibheacha agus táirgí uibhe
    - Ionaid pacála uibheacha
    - Bunaíochtaí a phróiseálann uibheacha nó táirgí uibhe


- Cosa froganna agus seilidí
    - Bunaíochtaí a ullmhaíonn agus/nó a phróiseálann cosa froganna agus seilidí
- Saillte rindreáilte ainmhíocha agus geirdheascadh
    - Bunaíochtaí a bhailíonn, a stórálann nó a phróiseálann amhábhair
- Goilí agus lamhnáin
    - Bunaíochtaí a chóiríonn lamhnáin, goilí agus inní
- Geilitín
    - Bunaíochtaí a phróiseálann amhábhair
    - Bunaíochtaí ina ndéantar capsúil gheilitín, agus iad á líonadh nó gan bheith á líonadh
- Collaigin
    - Bunaíochtaí a phróiseálann amhábhair

**Iarscríbhinn III: Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 a chur i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí[1] miondíola, formheas na bunaíochta san áireamh**




[1] Mar a shainmhínítear in Airteagal 3.7 de Rialachán (AE) Uimh. 178/2002: ciallaíonn 'miondíol' láimhseáil agus/nó próiseáil bia agus é a stóráil ag an bpointe díola leis an tomhaltóir deiridh nó ag an bpointe seachadta ar an tomhaltóir deiridh, agus áirítear ann críochfoirt dáilte, oibríochtaí lónadóireachta, ceaintíní monarchan, lónadóireacht in institiúidí, bialanna agus oibríochtaí comhchosúla eile seirbhísí bia, siopaí, ionaid dáilte ollmhargaí agus asraonta mórdhíola

**Iarscríbhinn IV: Fuarstórais ina stóráiltear bia de bhunadh ainmhíoch a fhormheas**




[21] Mar a shainmhínítear in Airteagal 3.7 de Rialachán (AE) Uimh. 178/2002: ciallaíonn 'miondíol' láimhseáil agus/nó próiseáil bia agus é a stóráil ag an bpointe díola leis an tomhaltóir deiridh nó ag an bpointe seachadta ar an tomhaltóir deiridh, agus áirítear ann críochfoirt dáilte, oibríochtaí lónadóireachta, ceaintíní monarchan, lónadóireacht in institiúidí, bialanna agus oibríochtaí comhchosúla eile seirbhísí bia, siopaí, ionaid dáilte ollmhargaí agus asraonta mórdhíola